– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2024/6332, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6332/oj.
2 IO C, C/2024/6041, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6041/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE[5], agus go háirithe Airteagail 85 agus 86 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0065/2025),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2023;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún thíos;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

62. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 maidir le dúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2023 (2024/2030(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2023, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a sholáthair an Chúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2023, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2025 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 (05755/2025 – C10-0024/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2024/6332, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6332/oj.
2 IO C, C/2024/6041, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6041/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE[5], agus go háirithe Airteagail 85 agus 86 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0065/2025),

1. ag formheas dhúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2023;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

63. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2023 (2024/2030(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2023, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a sholáthair an Chúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2023, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2025 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 (05755/2025 – C10-0024/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2024/6332, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6332/oj.
2 IO C, C/2024/6041, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6041/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[5], agus go háirithe Airteagal 21 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0065/2025),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2023;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún thíos;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, agus an rún atá ina chuid dhílis de, a chur chuig Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 53, 22.2.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/168/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

64. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 maidir le dúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2023 (2024/2030(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2023, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a sholáthair an Chúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2023, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2025 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 (05755/2025 – C10-0024/2025),

– ag féachaint d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2024/6332, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6332/oj.
2 IO C, C/2024/6041, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6041/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[5], agus go háirithe Airteagal 21 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0065/2025),

1. ag formheas dhúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2023;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 53, 22.2.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/168/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

65. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2023 (2024/2030(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2023, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a sholáthair an Chúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2023, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2025 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 (05755/2025 – C10-0024/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2024/6332, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6332/oj.
2 IO C, C/2024/6041, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6041/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[5], agus go háirithe Airteagal 116 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0065/2025),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2023;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún thíos;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

66. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 maidir le dúnadh chuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2023 (2024/2030(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2023, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a sholáthair an Chúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2023, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2025 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 (05755/2025 – C10-0024/2025),

– ag féachaint d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2024/6332, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6332/oj.
2 IO C, C/2024/6041, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6041/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[5], agus go háirithe Airteagal 116 de,

– ag féachaint do Rialachán an Tharmligean (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0065/2025),

1. ag formheas dhúnadh chuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2023,

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

67. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 (2024/2030(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh Saothair don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Soláthair Euratom don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh Oiliúna don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontas Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint do Riail 102 agus d’Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0065/2025),

A. de bhrí gur eintitis dhlíthiúla ar leith iad gníomhaireachtaí an Aontais [1] atá curtha ar bun chun cúraimí sonracha teicniúla, eolaíocha nó bainistíochta a dhéanamh a chuidíonn le hinstitiúidí an Aontais beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme; de go bhfuil siad lonnaithe i mBallstáit éagsúla, agus tá tionchar suntasach acu ar réimsí atá ríthábhachtach do ghnáthshaol shaoránaigh na hEorpa, amhail sláinte, sábháilteacht, slándáil, saoirse agus ceartas;

B. de bhrí go bhfuil barúlacha trasghearrthacha sa rún sin, do gach comhlacht de réir bhrí Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], agus do Ghníomhaireacht Soláthair Euratom, a ghabhann leis na cinntí maidir le hurscaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 268 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus Airteagal 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte;

C. de bhrí gur cheart do ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus do Ghníomhaireacht Soláthair Euratom díriú ar mhisin a bhfuil breisluach Eorpach soiléir acu agus gur cheart eagrú na misean sin a bharrfheabhsú chun forluí a sheachaint ar mhaithe le leas cháiníocóir an Aontais;

D. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, go bhfuil sé mar aidhm ag an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a fheabhsú; de bhrí go mbaineann sé sin le trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, chomh maith le buiséadú feidhmíochtbhunaithe a chur chun feidhme agus dea-rialachas acmhainní daonna a áirithiú;

E. de bhrí go bhfuil gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimse an rialaithe bhuiséadaigh bunaithe ar dhá phrionsabal: ar thaobh amháin, a áirithiú go ndéantar buiséad an Aontais a chaitheamh go cuí, ach ar an taobh eile, leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus calaois a chomhrac;

F. de bhrí, in 2012, gur ghlac Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach 'Ráiteas Comhpháirteach' agus tacar cuimsitheach de threoirphrionsabail –

---

1 Tá trí chineál gníomhaireachta de chuid an Aontais ann: gníomhaireachtaí díláraithe, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus comhlachtaí eile.

2 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

‘Cur Chuige Coiteann’ [1] – chun na gníomhaireachtaí a dhéanamh níos comhleanúnaí, níos éifeachtaí agus níos cuntasaí; de bhrí gur gheall an Coimisiún obair leantach a dhéanamh ar an gcomhaontú sin, i gcás inarb ábhartha i gcomhar leis na gníomhaireachtaí;

G. de bhrí go n-aithníonn na hinstitiúidí cineál nach bhfuil ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir leis an Ráiteas Comhpháirteach agus leis an gCur Chuige Coiteann san iarscríbhinn a ghabhann leis, agus gan dochar dá sannadh sna nósanna imeachta buiséadacha reachtacha agus bliantúla, cuirfidh na hinstitiúidí an Cur Chuige Coiteann sin san áireamh i gcomhthéacs na gcinntí uile a dhéanfaidh siad amach anseo maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais, tar éis anailís de réir an cháis;

Ginearálta

1. ag tabhairt dá haire go bhfuil trí chineál gníomhaireachta de chuid an Aontais ann: gníomhaireachtaí díláraithe, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus comhlachtaí eile;

2. á mheabhrú go gcumhdaítear leis an rún seo 31 as na 33 ghníomhaireacht dhíláraithe agus dhá cheann de na ceithre chomhlacht eile (an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), agus Gníomhaireacht Soláthair Euratom (ESA)); á thabhairt chun suntais go bhfuil na nósanna imeachta buiséadacha agus urscaoilte do dhá ghníomhaireacht dhíláraithe atá féinmhaoinithe go hiomlán, eadhon an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), á riar ag Comhairle Riaracháin CPVO agus ag Coiste Buiséid EUIPO, faoi seach, agus nach cuid den rún seo iad; ag tabhairt dá haire, ar an gcaoi chéanna, gurb é an Bord amháin atá freagrach as nós imeachta bliantúil don bhuiséad agus don urscaoileadh de chuid an Bhoird Réitigh Aonair (BRA); á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as acmhainní Eorpacha; á iarraidh, i gcomhréir leis an gCúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’), go ndéanfaí meastóireacht chríochnúil ar na gníomhaireachtaí díláraithe, d’fhonn measúnú a dhéanamh ar athchóirithe a d’fhéadfaí a dhéanamh, chun iomarcaíocht a dhíothú, chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun coigilteas costais a bhaint amach; á mheabhrú go bhfuil sé an-tábhachtach go neartófaí struchtúir rialachais agus fós a áirithiú go leanfaidh gníomhaireachtaí de bheith éifeachtach agus freagrúil ar riachtanais

---

[1] Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, Iúil 2012: https://european-union.europa.eu/document/download/d4199ff4-1e3d-45e6-af7e-90cf1a7b10bc_en?filename=joint_statement_on_decentralised_agencies_en.pdf.

atá ag teacht chun cinn;

3. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an nós imeachta um urscaoileadh ós rud é nach oibleagáid chonradhbhunaithe amháin é, ach go gcuireann sé trédhearcacht, cuntasacht agus idirphlé oscailte maidir le hairgeadas an Aontais chun cinn agus go bhfuil sé mar aidhm leis freisin an trédhearcacht, an chuntasacht agus an t-idirphlé sin a áirithiú; ag tabhairt dá haire go dtugann sé deis freisin do na gníomhaireachtaí ar a gcuid oibre a thaispeáint agus a mbreisluach don Aontas agus dá shaoránaigh a léiriú; á chur i bhfáth, thairis sin, go dtugann gníomhaireachtaí freagraí ar na ceistneoirí a sheol an Pharlaimint agus go dtugann an t-údarás um urscaoileadh cuireadh dóibh freastal ar éisteachtaí poiblí agus go dtugann sé sin an deis do shaoránaigh, do chuideachtaí, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do gheallsealbhóirí eile na cruinnithe a leanúint agus a bheith cinnte go bhfuil an t-ioncam agus an caiteachas i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais;

4. á mheas go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh ar an gcoincheap maidir le hurscaoileadh a dheonú ag údarás inmheánach um urscaoileadh amhail i gcás EUIPO, CPVO agus BRA; á chreidiúint go seachnaíonn urscaoileadh arna dheonú ag an bParlaimint an fhéidearthacht go mbeadh coinbhleachtaí leasa ann agus go gcuireann sé le trédhearcacht agus le híomhá phoiblí na ngníomhaireachtaí;

5. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, d'ainneoin an chreata dhlíthiúil, gur cheart prionsabail chéanna na cuntasachta agus na trédhearcachta a chur i bhfeidhm maidir le gach comhlacht a bhaineann leis an Aontas;

6. ag meabhrú phointe 58 den Chur Chuige Coiteann maidir le gníomhaireachtaí atá féinmhaoinithe go hiomlán chun grinnscrúdú poiblí ag an bParlaimint a áirithiú ina luaitear an méid seo a leanas: '*Ba cheart féachaint ar na féidearthachtaí chun cuntasacht dhaonlathach a áirithiú do ghníomhaireachtaí atá go hiomlán féinmhaoinithe (i.e. arna maoiniú ag a gcliaint), ós rud é gur comhlachtaí de chuid an Aontais iad atá i gceannas ar bheartais an Aontais a chur chun feidhme ach nach bhfuil siad faoi réir urscaoileadh de réir bhrí CFAE. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist go gcuirfeadh na gníomhaireachtaí i dtrácht tuarascáil bhliantúil maidir lena mbuiséid a fhorghníomhú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin agus go mbreithneodh siad ar iarrataí nó ar mholtaí arna n-eisiúint ag an bParlaimint agus ag an gComhairle.*';

7. á chur i bhfios, cé go bhfuil sé beartaithe le bunú nó leathnú ghníomhaireachtaí an Aontais feabhas a chur ar chumais an Aontais, go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an próiseas sin á

threorú ag meastóireachtaí críochnúla, measúnuithe tionchair, agus léiriú soiléir ar bhreisluach; ionas gur féidir ceachtanna a fhoghlaim agus gur féidir breithniú a dhéanamh i dtaobh a sainordú a fhoirceannadh más gá; á thabhairt chun suntais leis an gcur chuige sin, ní hamháin go n-áiritheofaí rialáil níos fearr ach go bhfeabhsófaí freisin éifeachtacht, cuntasacht, trédhearcacht agus comhleanúnachas thírdhreach institiúideach an Aontais;

8. á mheabhrú go luaitear i bpointe 60 den Chur Chuige Coiteann gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar gach gníomhaireacht de chuid an Aontais gach 5 bliana; ag tathant ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh tuilleadh sineirgí a chothú sna gníomhaíochtaí, agus na gníomhaíochtaí a dhaingniú, agus i dtaobh na gníomhaireachtaí a chumasc le gníomhaíochtaí comhlántacha, chun costéifeachtacht a áirithiú agus feidhmeanna na ngníomhaireachtaí a chuíchóiriú, lena n-áirítear athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shainorduithe i gcás inarb ann do neamhéifeachtúlachtaí nó iomarcaíochtaí; á mholadh go gcuirfí an clásal éagtha/athbhreithnithe i bhfeidhm i gcás inar gá chun éifeachtúlacht a chaomhnú agus chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní; á chreidiúint go bhfuil éifeachtúlacht bhuiséadach ríthábhachtach d'fheidhmiú na ngníomhaireachtaí; ag athdhearbhú an mholta ón gCúirt i dTuarascáil Speisialta 22/2020 [1] ina moltar don Choimisiún úsáid meastóireachtaí trasearnálacha ar ghníomhaireachtaí a mhéadú i gcomhthéacs sheiceálacha oiriúnachta an Choimisiúin ar na réimsí beartais éagsúla;

9. ag cur béim athuair ar a thábhachtaí atá trédhearcacht, cuntasacht agus buiséadú feidhmíochtbhunaithe i ngníomhaireachtaí uile an Aontais, lena n-áirithítear bainistiú éifeachtach airgeadais; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór do ghníomhaireachtaí cloí go docht lena sainorduithe; á aithint go bhféadfadh sainordú neartaithe a bheith ag teastáil ó roinnt gníomhaireachtaí; á iarraidh go bhfeabhsófaí sásraí rialachais chun dúbláil inniúlachtaí a sheachaint agus chun feabhas a chr ar éifeachtúlacht oibríochtúil;

10. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hacmhainní leordhóthanacha chun a áirithiú go mbeidh na gníomhaireachtaí in ann cúraimí nua a cheanglófar orthu le reachtaíocht nua a chomhlíonadh;

11. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na gníomhaireachtaí a n-ionad sna meáin, ar an idirlíon, agus ar fud na meán sóisialta a fheabhsú chun feasacht an phobail ar a gcuid oibre a mhéadú;

12. á chur i bhfios go bhfuil an-mhearbhall ann mar gheall ar an iliomad

---

[1] 'Todhchaí ghníomhaireachtaí an Aontais – Acmhainneacht le haghaidh tuilleadh solúbthachta agus comhair', https://op.europa.eu/webpub/eca/special-reports/agencies-performance-audit-22-2020/ga/.

cásanna ina bhfuil ainmneacha agus acrainmneacha na ngníomhaireachtaí mar a chéile nó beagnach mar a chéile. á iarraidh ar na comhlachtaí faoi seach féachaint ar bhealaí le feabhas a chur ar an staid;

Rialachas

13. á mheabhrú go dtugtar forléargas sa Chur Chuige Coiteann [1] ar struchtúr rialachais na ngníomhaireachtaí díláraithe; ag aithint go bhfuil dul chun cinn déanta ag gníomhaireachtaí an Aontais i leith feabhas a chur ar bhainistiú airgeadais agus ar struchtúir rialachais agus á aithint ag an am céanna gur gá tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtúlacht agus ar chuntasacht; á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag boird bhainistíochta na ngníomhaireachtaí díláraithe uile maidir le dea-rialachas agus cuntasacht a áirithiú; á mheabhrú go moltar sa Chur Chuige Coiteann gur cheart go mbeadh ionadaí amháin ó gach Ballstát, beirt ionadaithe ón gCoimisiún, comhalta amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa (i gcás inarb iomchuí), agus líon ‘sách teoranta’ ionadaithe geallsealbhóirí (i gcás inarb iomchuí) ar an mbord bainistíochta, ragus gur cheart a áirithiú go mbeidh siad ina léiriú ar réimse éagsúil ábhar spéise agus go mbeidh an próiseas lena roghnú trédhearach;

14. ag tabhairt faoi deara go bhfuil struchtúr rialachais na ngníomhaireachtaí díláraithe sách cosúil ar an iomlán leis na gníomhaireachtaí go léir; ag tabhairt dá haire go bhfuil Bord Bainistíochta/Riaracháin agus Stiúrthóir ag gach ceann acu; ag tabhairt dá haire go bhfuil Bord Feidhmiúcháin (Cedefop, EUDA, ENISA, ERA, EU-OSHA, Eurofound, Eurojust, FRA, EIT) [2] ag naoi ngníomhaireacht agus nach bhfuil Bord um Chreidiúnú Slándála ach ag na gníomhaireachtaí a bhaineann le clár spáis an Aontais Eorpaigh; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur bhunaigh na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)) Bord Rialálaithe nó Maoirseoirí agus dhá ghníomhaireacht i mbraisle an mhargaidh aonair (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), agus Gníomhaireacht

---

1 Níl an Cur Chuige Coiteann ceangailteach ó thaobh dlí de, chomhaontaigh na hinstitiúidí é a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh acu maidir leis na gníomhaireachtaí díláraithe.

2 An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna, Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht.

Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC);

15. á mheabhrú go bhfuil struchtúr tripháirteach ag boird bhainistíochta Eurofound, Cedefop agus EU-OSHA; ag tabhairt dá haire go ndéanann rialtas, fostóir agus comhalta ceardchumainn ionadaíocht thar ceann gach Ballstáit ar gach bord (81 ionadaí san iomlán); ag tabhairt dá haire go bhfuil triúr ionadaithe ag an gCoimisiún Eorpach, agus go bhfuil saineolaí neamhspleách (gan cearta vótála) ceaptha ag Parlaimint na hEorpa; á mheabhrú go bhfuil bord rialaithe ETF ina bhord beag, lena n-áirítear 27 n-ionadaí ó na Ballstáit (gan comhpháirtithe sóisialta), trí ionadaí ón gCoimisiún (a chomhroinneann vóta amháin ar an mBord), triúr saineolaithe arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa (i gcomparáid le duine amháin in aghaidh na gníomhaireachta tripháirtí), agus triúr ionadaithe ó thíortha comhpháirtíochta arna gceapadh ag an gCoimisiún [1];

16. ag cur sonrú i gconclúidí na meastóireachta ar Eurofound, Cedefop, ETF agus EU-OSHA maidir leis an struchtúr rialachais tripháirteach (Eurofound, Cedefop agus EU-OSHA); á thabhairt faoi deara go gcuireann an struchtúr tripháirteach tairbhí ar fáil amhail ionadaíocht, treoir straitéiseach, agus comhroinnt eolais ach go mbaineann dúshláin le méid agus éagsúlacht na mbord bainistíochta chun dul i ngleic le comhréitigh maidir le príomhchinntí gnó agus riaracháin; á chur i bhfios gur breithníodh sa mheastóireacht samhlacha rialachais malartacha chun go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ar bhealach níos éifeachtúla; á thabhairt chun suntais go bhfuil acmhainneacht mhéadaithe chun coigiltis agus sineirgí ann i ngníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí sin; á chur i bhfáth gur gá dianmhaoirseacht airgeadais a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí AE chun costéifeachtacht a áirithiú agus chun mí-úsáid cistí poiblí a chosc; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cur chuige freagrach, atá bunaithe ar riachtanais, i leith cistiú gníomhaireachta, lena gcuirfear cosc ar leathnú maorlathach agus lena n-áiritheofar ag an am céanna go mbeidh acmhainní leormhaithe ag gníomhaireachtaí chun a sainorduithe a chomhlíonadh;

17. ag cur sonrú i gconclúidí na tuarascála ar an meastóireacht ar Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

---

[1] Meastóireacht ar Ghníomhaireachtaí an Aontais: Eurofound, Cedefop, ETF agus EU-OSHA SWD(2024) 222 final, lch. 42, https://www.parlament.gv.at/dokument/XXVII/EU/198502/imfname_11414247.pdf.

gComhairle [1] maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach (Frontex) agus sa tátal ar ar thángthas inti go bhfuil an Rialachán oiriúnach dá fheidhm, lena n-áirítear athbhreithniú ar an mBuanchór a foilsíodh i mí Feabhra 2024; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, cé go bhfuil creat i leith bainistiú éifeachtach ar theorainneacha ar áireamh sa Rialachán, atá dúshláin fós ann maidir le rialachas, cuntasacht agus éifeachtúlacht; á aithint gur gá coigeartuithe a dhéanamh ar an struchtúr rialachais chun a áirithiú go mbeidh Frontex in ann a shainordú a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar chothromaíocht na hionadaíochta ar an mbord bainistíochta, próisis chinnteoireachta inmheánacha a chuíchóiriú agus freagrachtaí forluiteacha a sheachaint; á chur in iúl gur geal léi an struchtúr eagraíochtúil nua a ghlac an bord bainistíochta i mí na Samhna 2023 mar chéim i dtreo feabhas a chur ar rialachas, comhordú straitéiseach agus leithdháileadh acmhainní; ag aithint go bhfuil neamhéifeachtúlachtaí riaracháin ann ar cuireadh béim orthu sa tuarascáil mheastóireachta, go háirithe maidir le nósanna imeachta aisíocaíochta agus na bacainní maorlathacha a bhíonn le sárú ag na Ballstáit agus pearsanra á n-imscaradh chuig Frontex acu; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí leis na próisis sin a shimpliú chun ualaí nach gá ar na húdaráis náisiúnta a laghdú; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé an-tábhachtach moltaí ó thuarascáil bhliantúil an Oifigigh um Chearta Bunúsacha (FRO) a chur chun feidhme; á iarraidh ar Frontex, siúd is go n-aithníonn sí go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh, leanúint d'fheabhas a chur ar thrédhearcacht, comhoibriú go hiomlán le himscrúduithe agus bearta a chur chun feidhme lena n-áirithítear cosaint do chearta bunúsacha ina ghníomhaíochtaí uile;

18. á chur i bhfáth go bhfuil cur chuige cothrom, atá bunaithe ar rialú éifeachtach ar theorainneacha agus ar choimircí láidre i leith cearta bunúsacha, ríthábhachtach chun go leanfaidh limistéar Schengen de bheith slán agus creat bainistithe imirce an Aontais de bheith inchreidte; á athdhearbhú, dá bhrí sin, go bhfuil an-tábhacht le hoiliúint struchtúrach agus leanúnach maidir le cearta bunúsacha a bheith á cur ar oifigigh an Bhuanchóir (Frontex), rud lena n-áiritheofar a bhfeasacht ar oibleagáidí agus caighdeáin ábhartha maidir le cearta bunúsacha agus a gcomhlíonadh, le cearta idirnáisiúnta an duine agus leis an dlí daonnúil [2]; ag cur béim, thairis sin, ar a thábhachtaí atá sé sáruithe ar chearta bunúsacha a thuairisciú, nuair a fheictear sáruithe den sórt sin a bheith á

---

1 Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj).

2 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52024DC0075 – cuid 3.

ndéanamh, trí Thuarascálacha ar Theagmhais Thromchúiseacha a eisiúint;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

19. ag tabhairt dá haire go raibh an miondealú seo a leanas ar an ioncam deiridh iomlán do 2023 (tar éis buiséid leasaitheacha) agus ar na figiúirí comparáideacha do 2022 do 33 ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá mar chuid den rún sin [1]:

	Ioncam 2023 (EUR)	Ioncam 2022 (EUR)	Δ (%)
ACER	29 582 967	24 827 843	19,15
Oifig BEREC	7 697 265	7 428 456	3,62
CDT (1)	47 140 900	48 721 800	– 3,24
Cedefop	20 140 610	18 434 420	9,26
CEPOL	14 211 723	13 805 510	2,94
EASA (2)	169 665 375	163 367 860	3,85
ÚBE	52 672 002	50 315 014	4,68
ECDC	102 526 724	112 796 588	-9,10
ECHA	123 280 140	116 981 740	5,38
EEA	76 114 130	92 863 021	-18,04
EFCA	30 862 554	35 734 297	-13,63
EFSA	148 954 729	134 773 287	10,52
EIGE	9 358 919	8 432 920	10,98
ÚEÁPC	36 714 492	34 571 120	6,20
EIT	367 607 241	448 920 650	– 18,11
ELA	39 973 330	34 689 842	15,23
EMA	448 603 000	421 815 000	6,35
EUDA (EMCDDA)	22 082 074	18 839 136	17,21
EMSA	111 954 231	115 807 270	– 3,33
ENISA	25 183 495	39 207 625	– 35,77
ERA	38 532 447	33 983 956	13,38
GSE	258 160	167 000	54,59
ESMA	72 509 657	68 068 551	6,52
ETF	28 542 956	25051 848	13,94
EUAA	170 135 127	168 842 192	0,77
EU-LISA	300 524 142	296 508 265	1,35
EU-OSHA	17 038 950	16 405 100	3,86
EUROFOUND	25 369 931	22 438 000	13,07
EUROJUST	59 324 460	49 086 843	20,86
EUROPOL	212 925 809	197 759 722	7,67
EUSPA	76 922 866	65 392 492	17,63

1 Sonraí de réir na ráiteas ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana airgeadais 2023 mar a foilsíodh iad ar IO le haghaidh gach gníomhaireachta aonair.

FRA	26 191 031	25 857 952	1,29
Frontex	829 352 752	693 122 858	19,65
IOMLÁN	**3 741 954 189**	**3 605 018 178**	3,80
(1) Barrachas arna thabhairt anonn ón mbliain airgeadais roimhe seo a asbhaint. (2) Ceartuithe buiséadacha a chomhfhreagraíonn don bharrachas carntha arna asbhaint.			

20. á thabhairt chun suntais go raibh an méadú ar an ioncam ó 2022 go 2023 suntasach i roinnt gníomhaireachtaí, arbh ionann é agus 54,59 % i gcás GES, 20,86 % i gcás Eurojust, 19,65 % i gcás Frontex agus 19,15 % i gcás ACER; á chur in iúl gur geal léi an maoiniú méadaithe le haghaidh na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí;

21. ag tabhairt dá haire gurb é is cúis leis an méadú in GSE den chuid is mó ná forbairt leanúnach chóras TF ar Bhainistiú Faisnéise na Faireachlainne Núicléiche agus GSE (NOEMI) agus soláthar seirbhísí cuntasaíochta don ghníomhaireacht; in Eurojust, is é is cúis go príomha leis an méadú sin na hacmhainní breise is gá chun cúraimí a chur i gcrích a cuireadh leis na trí thogra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán agus tionchar an-mhór an bhoilscithe [1]; in Frontex, tá sé d’aidhm ag an méadú ar an mbuiséad leanúint de Bhuanchór na ngardaí teorann a thógáil, lena n-áirítear trealamh [2]; i gcás ACER, is é is cúis go príomha leis an méadú sin na cúraimí breise arna dtarmligean sna Rialacháin athbhreithnithe atá beartaithe maidir le bonneagar fuinnimh agus laghdú astaíochtaí meatáin [3], an t-innéacsú bliantúil luacha saothair gaolmhar, costais dhlíthiúla níos airde, agus leithdháileadh buiséid níos airde a dhíorthaítear ó tháillí do thionscadail shonracha;

22. ag aithint go luaitear sa fhreagra ar an gceist i scríbhinn go bhfuil tabhairt anonn Frontex (45 % in 2023) nasctha lena thimthriall oibríochtúil, nach bhfuil ag teacht leis an mbliain féilire agus nach féidir a choigeartú go héasca toisc go bhfuil baint ag na Ballstáit uile léi; á chur in iúl gurb eol di gurb iad tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin agus ionchais shaoránaigh an Aontais i leith na slándála na mínithe a thugtar ar bhuiséad Frontex a mhéadú; á áitiú go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh acmhainní leormhaithe ann i leith fheidhmiú éifeachtach Frontex, agus fós measúnú leanúnach a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil a bhuiséad oiriúnach dá fheidhm agus torthaí á mbaint amach trína bhíthin; á mheabhrú gur gá faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith acmhainneacht ionsúcháin na gníomhaireachta, go háirithe trí ghardaí teorann agus cósta a earcú, agus béim á cur ar a thábhachtaí atá pleanáil fhónta

---

1 Doiciméad oibre III, dréachtbhuiséad 2023, lch. 24.
2 Doiciméad oibre III, dréachtbhuiséad 2023, lch. 26.
3 Doiciméad oibre III, dréachtbhuiséad 2023, lch. 21.

chun a héifeachtacht a áirithiú; á iarraidh, sa bhreis sin, ar EUAN oibriú i gcomhar leis na gníomhaireachtaí agus leis an gCúirt chun formáid chaighdeánaithe a fhorbairt, ar dá réir a leagfaí an tabhairt anonn amach, a bheadh ag luí, ar bhealach níos fearr, le prionsabal bliantúlachta an Rialacháin Airgeadais;

23. á mheabhrú go bhfaigheann formhór ghníomhaireachtaí an Aontais a gcistiú go hiomlán ó ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire, áfach, go ndéantar roinnt gníomhaireachtaí a mhaoiniú go hiomlán nó i bpáirt trí fhoinsí malartacha ioncaim, lena n-áirítear deimhnithe, údaruithe, clárú substaintí, ranníocaíochtaí, bailiú sonraí, faireachas margaidh, maoirseacht, agus seirbhísí eile amhail aistriúchán agus téarmaíocht arna soláthar ag Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT);

24. á aithint, go sonrach, an méid seo a leanas:

— i measc na ngníomhaireachtaí atá féinmhaoinithe i bpáirt, tá Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA), Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA), an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA);

— i measc na ngníomhaireachtaí atá féinmhaoinithe go hiomlán, tá CdT; agus

— i measc na ngníomhaireachtaí atá cómhaoinithe i bpáirt ag údaráis phoiblí náisiúnta tá an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA);

25. ag tabhairt dá haire go raibh an miondealú seo a leanas ar fhoinse airgeadais na ngníomhaireachtaí féinmhaoinithe atá mar chuid den rún seo do 2023:

	Ioncam 2023 (EUR)	Fóirdheontas an Aontais (EUR)	%	Ioncam féin (EUR)	%	Eile (EUR)
ACER	29 576 964	19 418 599	66	10 158 245	34	120
CDT	47 140 900	0	0	46 295 800	98	845 100
EASA	169 665 375	44 329 433	26	120 937 434	71	4 398 508
ÚBE	52 672 002	19 428 306	37	31 479 331	60	1 764 364
ECHA	123 280 140	81 274 568	66	33 107 484	27	8 898 088
ÚEÁPC	36 714 492	13 470 715	37	22 086 958	60	1 156 819
EMA	448 603 000	50 027 000	11	398 209 000	89	367 000
ERA	38 532 447	27 418 274	71	10 312 858	27	801 315
ESMA	72 509 657	18 588 578	26	52 224 114	72	1 696 965
IOMLÁN	1 018 694 977	273 955 473		724 811 224		19 928 279

26. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte go bhfuil ceangal dlíthiúil ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA), ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), ar Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA), agus ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) costais na ngníomhaíochtaí arna gcistiú óna n-ioncam féin a shainaithint agus cuntas ar leithligh a thabhairt orthu; ag tabhairt dá haire go bhfuil córais i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí sin chun an ceanglas sin a chomhlíonadh agus ag tabhairt dá haire go dtéann gníomhaireachtaí áirithe amhail EMA, EASA agus ERA thar na ceanglais sin;

27. ag tabhairt faoi deara go leagtar amach sna rialacháin bhunaidh do na trí údarás maoirseachta Eorpacha (ÚBE, ÚEÁPC, agus ESMA – seachas gníomhaíochtaí arna maoiniú le táillí maoirseachta) gur cheart, ar dtús, gurb ionann na ranníocaíochtaí a fhaigheann siad ó údaráis inniúla náisiúnta agus 60 % dá mbuiséid, agus gur as buiséad an Aontais a thiocfaidh an 40 % eile; ag tabhairt dá haire go léirítear leis an socrú sin an meascán de chúraimí rialála, atá

oiriúnach do chistiú an Aontais, agus cúraimí cóineasaithe maoirseachta, atá iomchuí do ranníocaíochtaí ó údaráis inniúla náisiúnta, i sainorduithe na dtrí údarás; á thabhairt chun suntais, mar gheall ar easpa dealú soiléir idir na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an dá fhoinse sna rialacháin bhunaidh, nach ndéanann na húdaráis sin idirdhealú idir na costais a chumhdaítear le fóirdheontas bhuiséad an Aontais agus na costais sin a chumhdaítear le ranníocaíochtaí náisiúnta;

28. á iarraidh ar ÚBE, ÚEÁPC agus ESMA an acmhainneacht sin a fhorbairt chun costais na ngníomhaíochtaí a ghineann gach ceann dá sruthanna ioncaim féin a shainaithint agus cuntas ar leithligh a thabhairt orthu chun feabhas a chur ar a gcinnteoireacht agus ar cháilíocht na faisnéise a chuireann siad ar fáil do gheallsealbhóirí maidir leis na heasnaimh nó na barrachais a tháirgeann gníomhaíochtaí den sórt sin;

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil córas i bhfeidhm ag CdT chun faireachán a dhéanamh ar chostas gach gníomhaíocht agus táirge a ghineann a ioncam féin, rud a chuireann ar a chumas brabúis nó caillteanais a ríomh; á thabhairt chun suntais gur thuairiscigh 10 gcinn de 17 bpríomhtháirge CdT caillteanais dar luach EUR 3,4 milliún san iomlán in 2023;

30. á chur i bhfios go láidir go raibh 7 mbliana d’easnaimh bhuiséadacha agus 6 bliana de chaillteanais chuntasaíochta ag CdT le 10 mbliana anuas mar gheall ar mhéideanna gnó atá ag laghdú; ag tabhairt dá haire, chun aghaidh a thabhairt ar an titim i méideanna gnó, go bhfuil CdT ag tarraingt ar chúlchiste speisialta a bunaíodh in 2011 chun cobhsaíocht bhuiséadach agus praghsanna a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur shroich an cúlchiste sin buaicphointe EUR 15,6 milliún in 2014, agus gur thit sé ina dhiaidh sin go EUR 10,3 milliún in 2022 agus EUR 8,9 milliún in 2023; á chur in iúl gur eol di, a luaithe a bheidh an cúlchiste ídithe go hiomlán, go mbeadh gá le haon easnaimh bhreise a chumhdach le fóirdheontais bhuiséad an Aontais, dá bhforáiltear i rialachán bunaidh CdT; á iarraidh ar CdT tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir lena phleananna chun na rioscaí a bhaineann le leanúnachas gnó a mhaolú;

31. ag tabhairt dá haire go gcaithfidh gníomhaireachtaí feabhas a chur ar thuairisciú airgeadais agus ar shásraí rialaithe inmheánaigh; á iarraidh ar ghníomhaireachtaí miondealú mionsonraithe ar chaiteachas a sholáthar ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear sonraí imdhealaithe maidir le conarthaí seachtracha, seirbhísí comhairliúcháin agus fochonraitheoirí; á áitiú go bhfuil gá le huirlisí tuairiscithe dhigitigh fíor-ama lena bhfeabhsaítear maoirseacht airgeadais agus cuntasacht do Pharlaimint na hEorpa agus don phobal; ag moladh go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn i leith moltaí iniúchóireachta;

Príomhrioscaí arna sainaithint ag an gCúirt

32. ag cur sonrú i gconclúid na Cúirte ina tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2023 (‘tuarascáil na Cúirte’), go raibh torthaí iniúchóireachta na Cúirte cosúil leis na torthaí sa bhliain roimhe sin (2022), agus laigí i nósanna imeachta soláthair phoiblí fós mar phríomhfhoinse na n-íocaíochtaí neamhrialta;

33. á thabhairt dá haire ón tuarascáil ón gCúirt an riosca foriomlán d’iontaofacht chuntais na ngníomhaireachtaí, arna mbunú trí na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta, go bhfuil an riosca íseal tríd is tríd, mar a tharla in 2022;

34. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca foriomlán do dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bonn le cuntais na ngníomhaireachtaí íseal i gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí, agus ar mheánriosca do na gníomhaireachtaí atá féin-mhaoinithe i bpáirt i gcás ina bhfuil rialacháin shonracha infheidhme maidir le táillí agus ranníocaíochtaí ioncaim eile a bhailiú, mar a tharla in 2022;

35. ag tabhairt le fios go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do dhlíthiúlacht agus do rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn le cuntais na ngníomhaireachtaí ar mheánriosca ar an iomlán, ag athrú ó íseal go hard do theidil shonracha buiséid; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do Theideal I (Caiteachas Foirne) íseal go ginearálta, do Theideal II (Caiteachas Riaracháin) a bheith ar mheánriosca, agus do Theideal III (Caiteachas Oibríochtúil) a bheith idir íseal agus ard, ag brath ar an ngníomhaireacht atá i gceist agus ar chineál a caiteachais oibriúcháin; á chur i bhfios go measann an Chúirt go bhfuil an riosca maidir le Teideal III cosúil leis an riosca do Theideal II, ach ós rud é go bhfuil méideanna i bhfad níos airde i gceist faoi Theideal III, meastar go bhfuil an tionchar níos airde;

36. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt, don séú bliain as a chéile go bhfuil an riosca do bhainistíocht fhónta airgeadais ar mheánriosca agus a bhaineann go príomha le nósanna imeachta soláthair phoiblí nár cinntíodh gur baineadh amach an luach ar airgead is fearr ab fhéidir;

37. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do bhainistiú buiséid íseal, agus go léirítear in iniúchadh na Cúirte go bhfuil líon ard leithreasuithe geallta á dtabhairt anonn;

38. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, gurb iad seo a leanas na saincheisteanna forleathana ar fud na ngníomhaireachtaí: i) laigí i nósanna imeachta soláthair poiblí, a bhí fós ina bpríomhfhoinse do na híocaíochtaí neamhrialta; ii) dúshláin a

bhaineann le bainistiú buiséadach, amhail tabhairt anonn iomarcach agus íocaíochtaí déanacha; iii) laigí sa rialú inmheánach, go háirithe maidir le comhlíonadh na rialachán airgeadais agus na dtreoirlínte nós imeachta a áirithiú;

Forléargas ar na torthaí iniúchóireachta

39. ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim iniúchóireachta gan choinníoll maidir le hiontaofacht chuntais na ngníomhaireachtaí uile; ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim neamhcháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bonn leis na cuntais do na gníomhaireachtaí go léir; ag tabhairt dá haire, áfach, cé gur eisíodh tuairim neamhcháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais i gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí, gur tugadh eisceachtaí faoi deara i gcás ceithre ghníomhaireacht: an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF (eu-LISA);

40. ag tabhairt faoi deara, i gcás EIT, go mbaineann an cháilíocht le híocaíochtaí deontais neamhrialta, i gcás ina ndearna EIT fíorú *ex post* ar shampla de 174 mír chostais; ag tabhairt dá haire gur dhiúltaigh EIT do chostais a bhaineann le 27 mír chostais agus gur shainaithin an Chúirt trí mhír chostais bhreise nach raibh EIT in ann fianaise a sholáthar ina leith gur chomhlíon tairbhithe coinníollacha riachtanacha maidir le comhaontuithe deontais, rud a d'fhág go raibh iomlán measta EUR 12,2 milliún in íocaíochtaí deontais neamhrialta, arb ionann é agus ráta earráide measta 3,4 %; ag tabhairt dá haire go ndéanann EIT agóid in aghaidh ceann de na hearráidí arna dtuairisciú ag an gCúirt, a bhaineann le trí mhír chostais, atá incháilithe, dar léi; ag tabhairt dá haire, thairis sin, de réir EIT, gan an cás sin, go mbeadh an ráta earráide measta arna thuairisciú ag an gCúirt faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %, rud a d'fhágfadh tuairim iniúchóireachta ghlan maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht íocaíochtaí EIT.

41. á chur in iúl gurb oth léi, maidir le ELA, go mbaineann an cháilíocht le híocaíochtaí arb ionann iad agus EUR 1,6 milliún in 2023, arb ionann iad agus 3,8 % d'iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil; ag tabhairt dá haire go n-áirítear sa mhéid sin EUR 1,3 milliún a bhaineann le conradh a mheastar a bheith neamhrialta i dtuarascáil iniúchóireachta 2022 mar gheall ar an luach a dámhadh a bheith níos mó ná uasteorainn an chonartha a bunaíodh, agus EUR 0,3 milliún a bhaineann le heasnaimh i seiceálacha *ex ante* ar chur chun feidhme an chonartha; ag cur sonrú i bhfreagra ó ELA inar míníodh gur tháinig deireadh leis an gconradh neamhrialta i mí Feabhra 2024, agus gur cuireadh creat-chomhaontú nua a bunaíodh i mí na Samhna 2023 ina ionad; á chur

in iúl gurb eol di go leanfaidh cinneadh ELA leis an gconradh neamhrialta ar bhonn sealadach chun rioscaí a mhaolú, a chlú a chosaint, agus seachadadh seirbhíse gan bhriseadh a áirithiú, rud a chuirfidh ar a chumas oibríochtaí comhsheasmhacha a choinneáil ar bun agus gníomhaíochtaí pleanáilte a chomhlíonadh go dtí go dtiocfaidh an comhaontú nua i bhfeidhm;

42. ag tabhairt dá haire, i gcás ENISA, go mbaineann an cháilíocht le híocaíochtaí neamhrialta EUR 1,8 milliún arna dhéanamh in 2023, arb ionann é agus 4,1 % d'iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil in 2023; á mheabhrú go bhfuair ENISA EUR 15 mhilliún breise ina bhuiséad i mí Lúnasa 2022 chun tacaíocht fheabhsaithe chibearshlándála a chur ar fáil do na Ballstáit tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur thionscain ENISA nós imeachta soláthair le 28 luchtóg i mí Mheán Fómhair 2022 agus gur shínigh sé 28 gcreatchonradh ar leithligh ina dhiaidh sin ar fiú EUR 14,4 milliún iad; á chur in iúl gur eol di go ndearna an bord bainistíochta eisceacht go luath in 2023 imeacht go sealadach óna rialacháin airgeadais chun freastal ar iarrataí athbhreithnithe ar thacaíocht chibearshlándála ó na Ballstáit; ag tabhairt dá haire, de réir fhreagra ENISA, gur eisceacht é cinneadh an Bhoird Bainistíochta (atá teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de) chun freagairt do chás eisceachtúil ar leith i gcomhthéacs idirnáisiúnta thar a bheith deacair. ag tabhairt dá haire gur cláraíodh an eisceacht sin go cuí de réir chur i bhfeidhm Chreat Rialaithe Inmheánaigh ENISA agus tuairiscíodh í dá réir sin i dTuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2023 ar Ghníomhaíochtaí;

43. ag tabhairt dá haire, i gcás eu-LISA, go mbaineann an cháilíocht le híocaíochtaí neamhrialta dar luach EUR 12,6 milliún san iomlán arna ndéanamh in 2023, arb ionann é agus 3,2 % d'iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil lena n-áirítear EUR 2,7 milliún le haghaidh conarthaí a ndearnadh iniúchadh orthu in 2023 agus EUR 9,9 milliún le haghaidh conarthaí a measadh a bheith neamhrialta i dtuarascáil iniúchóireachta 2022;

44. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil tuairim cháilithe ann arís maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht íocaíochtaí eu-LISA, lena léirítear saincheisteanna leanúnacha a d'ardaigh an Chúirt i dtuarascálacha roimhe seo ó 2020; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte go bhfuil formhór na gconarthaí a ndearnadh earráid difear dóibh imithe in éag nó gur fhoirceann eu-LISA iad in 2023;

45. ag tabhairt faoi deara go n-áirítear na neamhrialtachtaí seo a leanas sa bhonn le tuairim cháilithe (eu-LISA) in 2023:

    — Creatchonradh Neamhrialtacht: ag tabhairt dá haire go ndearna eu-LISA athruithe suntasacha ar roinnt eilimintí praghsála de thairiscintí airgeadais dhá thairgeoir, a théann níos faide ná ceartúcháin arna gceadú faoi Airteagal 151 den Rialachán

Airgeadais, a rinne difear díreach do thoradh na tairisceana, agus íocaíochtaí gaolmhara dar luach EUR 2,7 milliún san iomlán in 2023;

— Nós Imeachta Caibidlíochta gan údar: ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurb ann d'íocaíocht neamhrialta EUR 7,7 milliún a bhaineann le creatchonradh arna dhámhachtain trí nós imeachta idirbheartaithe gan údar cuí, rud a sháraíonn caighdeáin soláthair;

— Leasú Conartha neamhúdaraithe: ag tabhairt faoi deara gur aicmíodh íocaíochtaí arb ionann iad agus EUR 1,8 milliún mar íocaíochtaí neamhrialta tar éis leasú neamhúdaraithe lenar méadaíodh luach conartha le praghas seasta le EUR 3,6 milliún;

— neamhchomhlíonadh na dTéarmaí Creatchonartha: ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh íocaíochtaí an chreatchonartha chun bonneagar comhroinnte a chothabháil neamhrialta, arb ionann iad agus EUR 0,4 milliún san iomlán, ós rud é gur imigh an conradh sonrach ón gcreatchonradh;

46. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di atarlú na saincheisteanna soláthair as a n-eascraíonn tuairim cháilithe don cheathrú bliain as a chéile agus ag tathant ar eu-LISA gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh láithreach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin agus iad a chosc i gcleachtais bainistithe airgeadais agus soláthair amach anseo, rud lena n-áiritheofar comhlíonadh iomlán an Rialacháin Airgeadais; á iarraidh go gcuirfí Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin dul chun cinn atá i gceist roimh an 30 Meitheamh 2025;

47. ag tabhairt dá haire gur admhaigh an Chúirt, le linn na héisteachta [1], gurb amhlaidh, in ainneoin na tuairime a eisíodh i leith 2023 (eu-LISA), go bhfuil aghaidh á tabhairt ar na lochtanna a sainaithníodh agus gur tugadh feabhsuithe faoi deara;

48. á áitiú, cé nach leagtar síos leis an Rialachán Airgeadais uasteorainneacha le haghaidh tabhairt anonn, go mbaineann leibhéil athfhillteacha agus iomarcacha tabhairt anonn an bonn de phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus go léiríonn siad saincheisteanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme; ag tabhairt dá haire, in 14 Ghníomhaireacht (ENISA, Eurofound, EIGE, eu-LISA, EMA, EUSPA, ELA, FRA, EFCA, ECDC, EU-OSHA, ACER, Frontex agus GSE), go bhfuil leibhéal na méideanna arna dtabhairt anonn a dhéanann difear do na teidil bhuiséid uile le chéile níos airde ná 15 %; ag tabhairt dá haire, i gcás Frontex agus GSE, go sroicheann na méideanna arna dtabhairt anonn níos mó ná 40 % agus 50 % faoi seach;

---

[1] Cruinniú de Choiste CONT, 4 Nollaig 2023.

49. á mheabhrú go sainordaítear leis an gcreat rialála go ndéanfaidh gníomhaireachtaí íocaíochtaí laistigh de sprioc-amanna sonracha; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh go mbeadh creidiúnaithe i dteideal ús ar íocaíocht dhéanach, má theipeann orthu na sprioc-amanna sin a chomhlíonadh; ag tabhairt dá haire, don bhliain 2023, go dtuairiscíonn an Chúirt, cé gur measadh go raibh méid iomlán an úis ar íocaíochtaí déanacha a tabhaíodh neamhábhartha, gur fiú é a thabhairt faoi deara gur minic nár chomhlíon naoi ngníomhaireacht (ACER, ECDC, EEA, EUDA, ENISA, ERA, EU-OSHA, Eurojust, agus Frontex) a sprioc-amanna íocaíochta; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí atá i gceist a áirithiú go gcloífear le teorainneacha ama dlíthiúla le haghaidh íocaíochtaí; á thabhairt chun suntais, cé gur beag an méid úis ar íocaíochtaí déanacha a tabhaíodh, go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag ardmhinicíocht na n-íocaíochtaí moillithe ar chlú na ngníomhaireachtaí;

50. á thabhairt chun suntais gur eisigh an Chúirt na míreanna ‘béim ar ábhar’ chun béim a leagan ar ábhar a chuirtear i láthair nó a nochtar sna cuntais a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis go bhfuil sé bunúsach don tuiscint ar na cuntais nó ar an ioncam nó na híocaíochtaí is bun leo; ag tabhairt dá haire freisin, don bhliain airgeadais 2023, gur bhain an Chúirt úsáid as míreanna ‘béim ar ábhar’ do na gníomhaireachtaí seo a leanas atá mar chuid den rún seo: CdT, ÚBE, EIT, EMA, ERA, ESMA, Eurojust, eu-LISA agus Frontex;

51. á mheabhrú go soláthraíonn CdT nochtaí ina ráitis airgeadais maidir leis an laghdú ar ioncam oibriúcháin, rud a raibh tionchar diúltach aige ar a thoradh eacnamaíoch;

52. ag tarraingt aird ar nochtaí i gcuntais bhliantúla ERA agus Eurojust maidir le cur chun feidhme SUMMA [1]; ag tabhairt dá haire, le linn 2023, gur lean saincheisteanna teicniúla de bheith ag cur le méadú ar íocaíochtaí déanacha (50 % in 2023) agus le cásanna neamhchomhlíonta in Eurojust; ag tabhairt dá haire go raibh saincheisteanna teicniúla ag ERA le linn na chéad ráithe, cé go ndearnadh feabhsuithe suntasacha i gcomparáid le 2022;

53. ag tabhairt dá haire go n-áirítear i gcuntais ESMA agus ÚBE nochtadh éiginnteachta maidir le toradh cáis dlí [2]; ag tabhairt dá haire gur tugadh fógra foirmiúil do ESMA maidir le cás dlí a bhaineann le nós imeachta soláthair chomhpháirtigh, seachas ESMA, ina raibh trí ghníomhaireacht eile de chuid an Aontais rannpháirteach (ÚBE, ÚEÁPC agus ERA); á chur in iúl gur eol di go

---

1 Cuireadh tús le córas nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais mar threoirthionscadal in 2022.

2 *UniSystems Luxembourg agus Unisystems systimata pliroforikis* v *ESMA* – Cás T-750/22.

raibh creatchonradh ar fiú EUR 40,2 milliún é mar thoradh ar an nós imeachta, agus faoi dheireadh 2023, go raibh conarthaí sonracha sínithe ag ESMA agus ÚBE, arb ionann iad agus EUR 2 185 226 agus EUR 6 306 786 in ESMA i gcás ÚBE;

54. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil an t-iarratasóir ag iarraidh go ndéanfaí cinneadh tairisceana agus cúiteamh airgid idir EUR 400 000 agus EUR 3,5 milliún a neamhniú; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar chéim luath na n-imeachtaí, nach bhfuil bainistiú ESMA agus ÚBE araon in ann meastachán iontaofa a sholáthar ar na costais a d'fhéadfadh teacht as an gcás [1];

55. ag tarraingt aird ar an nochtadh i gcuntais ESMA maidir le lagú EUR 368 300, a chomhfhreagraíonn do tháillí gan íoc ó eintitis faoi mhaoirseacht tríú tír; ag tabhairt dá haire go bhfuil baint ag an lagú leis an bhfíoras nach gcuirtear sásra éifeachtach ar fáil do ESMA leis an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR) chun bailiú táillí gan íoc ó lasmuigh den Aontas a fhorfheidhmiú; á chur in iúl gur geal léi, leis an gcomhaontú a rinne na comhreachtóirí le déanaí chun an rialachán (EMIR 3) a leasú, gur tugadh isteach an deis do ESMA aitheantas a tharraingt siar ó eintitis faoi mhaoirseacht tríú tír nach n-íocann a dtáillí;

56. ag tabhairt dá haire go n-áirítear i gcuntais ÚBE nochtaí maidir le tionchair shuntasacha an Ghnímh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) agus an Rialacháin maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní (MiCAR), a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní neamhchistithe is gá chun na cúraimí gaolmhara a chur ar bun agus chun beartas formhaoirseachta agus maoirseachta iomchuí a chur chun feidhme a rinneadh in 2023 sula bhféadfaí tús a chur le bailiú táillí; ag tabhairt dá haire go raibh ar ÚBE acmhainní a ath-leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin sin;

57. ag tabhairt dá haire go nochtar i gcuntais EIT toimhdí a úsáideadh chun meastachán a dhéanamh ar chostais oibriúcháin (speansais deontais), nithe a fhabhraítear agus a chuirtear i láthair sa chlár comhardaithe mar mhír laghdaitheach de shócmhainní réamh-mhaoinithe; á mheabhrú gur meastachán suntasach é fabhrú speansais deontais a bhfuil éiginnteacht ag baint leis gan dabht;

58. ag tabhairt dá haire go soláthraíonn EMA nochtaí suntasacha ina chuntais bhliantúla a bhaineann lena sheanáitreabh i Londain agus na héiginnteachtaí a chruthaigh an fíoras go ndearna máthairchuideachta an fhothionónta iarratas ar fhéimheacht; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhféadfaí EMA a chur faoi dhliteanas i leith an mhéid iomláin atá fós le híoc faoin gceannléas; á chur in iúl gur eol di gurb é EUR 550 milliún an t-uasmhéid, lena n-áirítear dliteanas cánach comhairle, a bheidh

---

[1] Cuntais bhliantúla ÚBE lch. 26 agus CIE ar ESMA lch. 139.

iníoctha ag EMA má fhanann an t-áitreabh folamh don chuid eile den léas; ag tabhairt dá haire go bhfuil coinníollacha an fholéasa á n-athchaibidliú ag EMA faoi láthair le brainse an ghrúpa sa Ríocht Aontaithe agus mar chuid den athchaibidlíocht sin, gur chomhaontaigh EMA íocaíochtaí cíosa a chur siar don chéad dá ráithe de 2024 agus laghdú ar chíos an fhothionónta ón 1 Eanáir 2024; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, go bhfuil foráil déanta ag EMA do chonradh dochraideach dar luach EUR 131,4 milliún; ag tabhairt dá haire gur chomhlíon fothionónta na Gníomhaireachta a hoibleagáidí conarthacha don bhliain 2023, trí íocaíochtaí cíosa lena gcumhdaítear an tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2023 agus ag tathant ar EMA agus ar an gCoimisiún teacht ar réiteach inbhuanaithe chun an conradh agus na hoibleagáidí gaolmhara uile a fhoirceannadh roimh an gcéad nós imeachta eile um urscaoileadh in 2024;

59. ag tabhairt faoi deara go n-áirítear i gcuntais eu-LISA nochtadh maidir le staid airgeadais príomhchonraitheora a bhfuil dhá chreatchonradh ghníomhacha aige; ag tabhairt dá haire go bhfuil dhá chreatchonradh ghníomhacha ag eu-LISA le conraitheoir atá ina chomhalta de chuibhreannas agus gur tháinig an conraitheoir sin in ionad a mháthairchuideachta sna conarthaí agus go bhfuil sé freagrach as an gCóras Dul Isteach/Imeachta a chur chun feidhme agus a chothabháil agus as seirbhísí a sholáthar faoi Luchtóg 1 den Chreat Oibríochtaí Trasnaí; ag tabhairt dá haire gurb ionann na méideanna conarthacha gan íoc agus EUR 97,5 milliún agus EUR 41 mhilliún faoi seach; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hinmharthanacht airgeadais na máthairchuideachta, a dhéanann eu-LISA dlúthfhaireachán ar shláinte airgeadais an chonraitheora trí úsáid a bhaint as uirlisí neamhspleácha measúnaithe riosca agus ceisteanna díreacha; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndéanann eu-LISA measúnú rialta ar dhul chun cinn na Sócmhainní atá á bhForbairt (AuDanna) chun a áirithiú nach mbeidh aon drochthionchar ar a sainordú agus go bhfuil siad réamhghníomhach maidir le rioscaí a bhaineann le suaitheadh sa slabhra soláthair a bhainistiú agus a mhaolú laistigh de theorainneacha na rialach airgeadais [1];

60. ag meabhrú na gcur chuige éagsúil a bhíonn ag Frontex agus ag an gCúirt arís agus arís eile maidir le ranníocaíochtaí ó Thíortha Comhlachaithe Schengen (SAC) le buiséad Frontex a ríomh; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil léirmhíniú Frontex lochtach, rud a d’fhágfadh go rannchuideodh SAC thart ar EUR 3,5 milliún (7 %) níos lú le buiséad Frontex ná mar a bheadh orthu a dhéanamh bunaithe ar mhéid a ngeilleagair i gcomparáid le geilleagar an Aontais; ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an t-oifigeach cuntasaíochta ad interim an cás agus, cosúil leis an mBord

---

1 Cuntais bhliantúla eu-LISA, lch. 25.

Bainistíochta, á mheas nach gá do Frontex athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht ríofa reatha a bhaineann le ranníocaíocht SAC le buiséad Frontex [1]; ag cur sonrú i dtuarascáil leantach Frontex ar thuarascáil 2022 maidir le hurscaoileadh ina luaitear nach bhfuil sé i gceist ag an ngníomhaireacht an mhodheolaíocht a úsáidtear do na ríomhanna sin a athrú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisc mhionsonraithe a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh sna ríomhanna sin;

Feidhmíocht

61. ag tabhairt dá haire go dtugtar isteach leis an gCur Chuige Coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe coincheap na nEochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna), d'fhonn feabhas a chur ar rianú feidhmíochta i leith na ngníomhaireachtaí;

62. ag tabhairt dá haire, sa bhreis air sin, de réir an treochláir a d'fhorbair an Coimisiún [2], gur cheart KPInna a fhorbairt maidir le hobair na gníomhaireachta agus a Stiúrthóra araon; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur mhol an Coimisiún freisin go bhforbrófaí teimpléid don chlár oibre bliantúil nó don mheastóireacht;

63. á chur i bhfios, de réir an Treochláir, gur cheart do na gníomhaireachtaí agus don Choimisiún KPIanna a fhorbairt ar bhonn bliantúil agus, dá bhrí sin, go n-athrófaí iad ó bhliain go bliain, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair feidhmíocht na gníomhaireachta a rianú thar thréimhse níos faide toisc go bhféadfadh sé nach leanfaí roinnt KPInna thar roinnt blianta;

64. á mholadh go ndéanfadh na Gníomhaireachtaí beart chun táscairí gan íoc nó táscairí moillithe a chomhlíonadh agus chun a n-eochairtháscairí feidhmíochta a choigeartú go rialta chun feidhmíocht a fheabhsú;

65. á chur i bhfios go láidir go ndíríonn treoirlínte [3] an Choimisiúin do KPInna do Stiúrthóirí ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais go hiomlán ar fheidhmíocht Stiúrthóirí na ngníomhaireachtaí, i.e., a bhaineann go príomha le bainistiú buiséid agus acmhainní daonna agus nach n-úsáidtear iad chun measúnú a dhéanamh ar na torthaí

---

1 Cuntais bhliantúla Frontex, lch. 37.

2 Treochlár maidir leis an obair leantach ar an gCur Chuige Coiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais: 5- AB-12-13_Roadmap on the follow up to the Common Approach on EU Decentralised Agencies.pdf.

3 An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach de chuid an Choimisiúin, Treoirlínte maidir le heochairtháscairí feidhmíochta (KPI) do stiúrthóirí ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh], 13.3.2015, lch. 3: https://www.eumonitor.eu/9353000/1/j9vvik7m1c3gyxp/vjx64xley4zd.

ná ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-oibríochtaí faoi shainorduithe na ngníomhaireachtaí [1];

66. á chur i bhfáth, thairis sin, toisc nach bhfuil aon chur chuige caighdeánach ann chun KPInna a chur i láthair i dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí (TBGanna) na ngníomhaireachtaí, go bhfuil sé deacair forléargas a fháil ar stádas fheidhmíocht gach gníomhaireachta;

67. á chur i bhfios go láidir, bunaithe ar chonclúidí na Cúirte, nach rannchuidíonn KPInna le feidhmíocht na ngníomhaireachtaí a rianú ó thaobh oibríochtaí agus bainistiú airgeadais agus acmhainní daonna de;

68. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú neamhspleách ar fheidhmíocht na ngníomhaireachtaí uile chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil a ngníomhaíochtaí ailínithe go héifeachtach le tosaíochtaí beartais an Aontais agus ar cibé an mbaineann siad torthaí nithiúla amach; á áitiú go dtabharfaí isteach tagarmharcanna buiséadaithe agus éifeachtúlachta feidhmíochtbhunaithe chun leithdháileadh barrmhaith acmhainní agus rialachas tionchar-bhunaithe a áirithiú;

69. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil bearta déanta ag ECHA, i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), chun an prionsabal ‘substaint amháin — measúnú amháin’ a chur chun cinn chun comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú sa mheasúnú guaise agus riosca ar shubstaintí gníomhacha; á iarraidh go leanfadh an Ghníomhaireacht den chomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus idirphlé a chothú le geallsealbhóirí agus le saoránaigh;

70. ag meabhrú chur chuige ‘neamhfhulaingthe’ an Aontais i leith na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (NNN) agus rannchuidiú ríthábhachtach na Gníomhaireacht Eorpaí um Rialú ar Iascach le cur chun feidhme an chomhbheartais iascaigh (CBI), go háirithe i ndáil le rialú ar iascach agus an comhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte;

71. á chur i bhfáth gurb iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as gníomhaíochtaí iascaireachta a rialú, agus go bhfuil cúraimí na Gníomhaireachta teoranta do thacaíocht agus do chomhordú, agus chomh maith leis sin do chúnamh a sholáthar do na Ballstáit sa réimse sin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tacú leis na Ballstáit

---

1 Tuarascáil Speisialta 22/2020 ó CIE ar Thodhchaí ghníomhaireachtaí an Aontais – Acmhainneacht le haghaidh tuilleadh solúbthachta agus comhair: https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR20_22/SR_Future_of_EU_Agencies_EN.pdf.

agus faireachán á dhéanamh acu ar sháruithe tromchúiseacha a bhaineann le hobair éigeantais, agus iad á sainaithint acu, agus oiliúint leormhaith a chur ar chigirí maidir leis na sáruithe tromchúiseacha sin;

72. á iarraidh ar EUSPA leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh mar phríomhrannchuiditheoir le cur chun feidhme Chlár Spáis an Aontais, lena dtreisítear bonn tionsclaíoch, iomaíochas agus nuálaíocht an Aontais; ag moladh go dtabharfaí tosaíocht don soláthar Eorpach, go háirithe i réimsí atá ríthábhachtach d'athléimneacht, uathriail straitéiseach agus ceannasacht an Aontais; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag Galileo agus ag a Sheirbhís Phoiblí Rialáilte i slándáil agus cosaint an Aontais, in éineacht le tairbhí gearrthéarmacha GOVSATCOM agus luach straitéiseach fadtéarmach IRIS^2; á chur i bhfáth gur cheart, trí thionscnaimh an Aontais maidir le cumas cosanta agus slándála, leas a bhaint as saineolas agus bonneagar earnáil spáis an Aontais chun dúbailt nach gá a sheachaint;

73. ag cur sonrú sa treochlár nua idir-inoibritheachta; ag aithint go raibh gá leis an amlíne nua le haghaidh leathadh amach agus idir-inoibritheacht chórais faisnéise AE mar gheall ar mhoilleanna ar fhorbairt an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN); á chur i bhfios go láidir go bhfuil malartú faisnéise tapa, éifeachtach agus iontaofa, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, ríthábhachtach chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais a chothú agus a neartú; ag aithint, ina leith sin, an obair agus na feabhsuithe arna gcur i gcrích ag eu-LISA;

74. ag cur sonrú in iarrachtaí Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh ('an tIonad') ar ilteangachas san Aontas a chumasú agus a chur chun cinn, mar shampla maidir le teachtaireachtaí ó ghníomhaireachtaí an Aontais agus forbairt téarmaíochta i sainréimsí ábhair chun cáilíocht na n-aistriúchán a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh meitheal ar intleacht shaorga (IS) i mí an Mheithimh 2023 agus gur cinneadh obair na meithle sin a dhéanamh tuilleadh i ngrúpa comhairleach nua maidir leis an intleacht shaorga;

75. á iarraidh ar EFCA tacú leis na Ballstáit agus faireachán á dhéanamh acu ar sháruithe tromchúiseacha a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 90(2), pointe (p) de Rialachán (AE) 2023/2842 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1]maidir le saothar éigeantais, agus iad á sainaithint aci, agus oiliúint leormhaith a chur ar chigirí maidir leis na sáruithe tromchúiseacha sin;

76. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh EFCA 44 993 chigireacht (ar muir agus ar tír) in 2023, rud a d'fhág gur braitheadh sáruithe amhrasta in 4 230 cigireacht ar a laghad de na cigireachtaí sin; ag tabhairt dá haire gurb ionann na sonraí sin i dteannta a chéile agus laghdú beag ar líon iomlán na gcigireachtaí (5 % níos lú cigireachtaí i gcomparáid le 2022), chomh maith le laghdú 18 % ar líon iomlán na gcigireachtaí inar braitheadh sáruithe amhrasta; á chur i bhfios go bhfuil ról lárnach ag cigireachtaí agus gníomhaíochtaí leantacha eile, ní hamháin i mbainistiú cuí na stoc éisc, ach i ndáil le cothrom iomaíochta a áirithiú d'iascairí an Aontais freisin;

77. ag moladh iarrachtaí Eurojust chun an cheartas a dhigitiú, eadhon Córas Bainistithe Cásanna nua a chur chun feidhme tar éis an leasaithe is déanaí ar Rialachán Eurojust [2] agus cur chun feidhme Ardán Comhoibrithe nua na JITanna [3]; ag cur suntas i ról Eurojust mar phointe teagmhála do thríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta maidir le hiarrataí ECRIS-TCN i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla;;

78. ag cur béim ar a thábhachtaí atá an tacaíocht leanúnach a thugann Eurojust don Úcráin, tríd an JIT lena ndéantar imscrúdú ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a líomhnaítear a rinneadh san Úcráin, tríd an mBunachar Sonraí Fianaise i leith na gCoireanna Idirnáisiúnta is Tromchúis (CICED) a oibriú chun fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a chaomhnú, a stóráil agus a anailísiú i mbunachar sonraí lárnach aonair, slán, trí mhodh sábháilte tarchuir

---

1 Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj).

2 Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta (IO L, 2023/2131, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2131/oj).

3 Rialachán (AE) 2023/969 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 132, 17.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/969/oj).

sonraí digiteacha a áirithiú chun fianaise a chur isteach, agus chun anailís a dhéanamh uirthi; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, gur seoladh an Lárionad Idirnáisiúnta nua um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin (ICPA) ag Eurojust agus é mar aidhm leis tacú le himscrúduithe náisiúnta agus teacht ar chomhaontú maidir le comhstraitéisí imscrúdaitheacha agus ionchúisimh, agus trí rannchuidiú go gníomhach le hobair an tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú' chun a áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí AE chun feidhme go héifeachtach ar fud an Aontais Eorpaigh;

79. ag cur béim ar ról FRA mar phríomhchaomhnóir na gceart bunúsach agus an smachta reachta, mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus ag moladh a tacaíochta chun a áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh i ndlíthe agus i mbeartais AE atá ann cheana i réimse an chomhionannais agus an fhrith-idirdhealaithe, amhail dlí agus beartais AE lena ndéantar ciníochas agus frithsheimíteachas agus ioslamafóibe a chomhrac, ag tacú le bailiú sonraí comhionannais agus le cur chun feidhme straitéisí comhionannais agus frithchiníochais amhail creataí straitéiseacha náisiúnta na Romach, agus ag soláthar ionchuir don athbhreithniú meántéarma ar straitéis comhionannais LADTIA 2020-2025, do chosaint na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine atá i mbaol, chomh maith le tacú le hathbhreithniú a dhéanamh ar an treoir maidir le cearta íospartach, ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Frithchiníochas agus ar Straitéis AE maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, agus comhairle a thabhairt maidir le comhlíonadh na gceart bunúsach i ndáil le córais IS a fhorbairt agus a úsáid agus cistí AE a chur chun feidhme agus a úsáid;

80. ag tarraingt aird ar threoir agus rannpháirtíocht FRA i réimse an tearmainn agus na himirce, na dteorainneacha agus na hidir-inoibritheachta agus ar an mbéim thábhachtach a leagann sé ar chearta bunúsacha, ar oibleagáidí idirnáisiúnta na mBallstát agus ar dhlí an Aontais um chearta an duine sa réimse sin, lena n-áirítear comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) d'fhonn feabhas a chur ar an tuiscint ar thábhacht na gcaomhnóirí agus na n-ionadaithe dlíthiúla a thugann cúnamh do leanaí neamhthionlactha atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta laistigh den Aontas agus ar an oiliúint a chuirtear ar fáil d'fhoireann Europol chun feasacht agus tuiscint ar ghnéithe ceart bunúsach i gcomhthéacsanna oibríochtúla ábhartha a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi ionchur tráthúil FRA maidir le cur chun feidhme na treorach um chosaint shealadach i gcomhthéacs dídeanaithe atá ag teitheadh ón Úcráin, chomh maith leis an ionchur uaidh maidir leis na dúshláin a shainaithint i ndáil le cur chun feidhme dhlí an Aontais i ndáil le cónaí fadtéarmach, chomh maith le heasnaimh sa chód maidir le víosaí a shainaithint agus liosta na ngníomhaíochtaí is féidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a dhéanamh chun básanna ar muir a laghdú;

81. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú FRA leis an meastóireacht ar an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach ('Rialachán EBCG'), rannpháirtíocht i gcruinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an gCósta Teorann (Frontex) agus comhchathaoirleacht a dhéanamh ar Fhóram Comhchomhairleach Frontex maidir le Cearta Bunúsacha, agus comhar le hOifig um Chearta Bunúsacha Frontex;

82. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir FRA anailís agus saineolas ar chearta bunúsacha ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí agus obair ghníomhaireachtaí eile ceartais agus gnóthaí baile (CGB) an Aontais lena n-áirítear EUAA, Frontex, Europol, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL); á chur in iúl gur geal léi ranníocaíochtaí FRA in 2023 chun urraim do chearta bunúsacha a chur chun cinn, lena n-áirítear trí threoir maidir le cistí AE agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí nua; á iarraidh ar FRA a chinneadh a mhéid atá dlúthnasc idir an smacht reachta agus cearta bunúsacha, agus conas a d'fhéadfaí a chuid oibre a ionchorprú nó a fhorbairt i sineirge le hobair an Choimisiúin Eorpaigh faoi chuimsiú na Tuarascála bliantúla ar an Smacht Reachta;

83. ag moladh imscaradh rathúil PERCI (Ardán AE maidir le hÁbhar Neamhdhleathach ar Líne) ag Europol, go háirithe le cur chun feidhme iomlán mholtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS); á chur in iúl gur mór aici an comhar láidir le MECS agus leis an meitheal chomhpháirteach a bunaíodh le Frontex chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí MECS i ndáil le clár PeDRA Frontex (Sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh anailís riosca) ina bhfuil sé go mór chun leasa an dá ghníomhaireacht cearta bunúsacha a chosaint agus slándáil á cur chun cinn ag an am céanna;

84. á chur in iúl gur geal léi cur chun feidhme Rialachán Europol [1] arna leasú in 2022, go háirithe ceapadh tapa FRO i mí Eanáir 2023, ar céim shuntasach é i dtreo feabhas a chur ar thiomantas Europol do chearta an duine ina chuid oibríochtaí;

85. ag aithint na tábhachta a bhaineann le tionscnaimh logánta lena neartaítear córais sláinte agus tionscnaimh chomhshaoil, agus fós

---

[1] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

comhar leis na Ballstáit agus le Gníomhaireachtaí (ECDC, ECHA, EEA,EFSA, EMA) a mhéadú; á iarraidh go gcuirfí feabhas ar an gcur chuige i leith dáileadh cistiúcháin, trí thosaíocht a thabhairt d'ualaí riaracháin a laghdú agus go gcuirfí acmhainní go díreach i dtreo faighteoirí deiridh trí nósanna imeachta simplithe chun feabhas a chur ar inrochtaineacht do ghníomhaithe eacnamaíocha ar an láthair.

86. ag tabhairt dá haire, tar éis an mheasúnaithe a rinne Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, lena n-áirithítear maoirseacht ar na trí Ghníomhaireacht, go raibh feidhmíocht na dtrí Ghníomhaireacht (EASA, EMSA, ERA) in 2023 i gcomhréir iomlán le cuspóirí comhaontaithe an Choimisiúin: níor sainaithníodh i ngníomhaíochtaí rialta faireacháin agus maoirseachta aon saincheist ar leith a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an dearbhú, ina theannta sin, níor tarraingíodh aird sna tuarascálacha ó na hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha ar aon mhór-shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ina n-údair imní bhreise do AS Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair;

87. ag tabhairt dá haire gur neartaigh EASA a chomhar go suntasach in 2023 le heagraíochtaí míleata laistigh den raon feidhme arna sholáthar ag Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le soghluaisteacht mhíleata 2.0 agus go n-iarrtar anois air freastal ar chruinnithe uile Choiste Eitlíochta ECAT; ag tabhairt dá haire go bhfuil formhuiniú straitéis na Gníomhaireachta um Chomhar Míleata Sibhialta – a tosaíocht fhadtéarmach – ag tacú lena rannpháirtíocht i gcúraimí deimhniúcháin d'aerárthaí míleata a eascraíonn as aerárthaí sibhialta bunaithe ar an gcoincheap 'chomh sibhialta agus is féidir agus chomh míleata agus is gá'.

88. ag tabhairt dá haire gur lean EMSA le cúnamh an-éifeachtach a sholáthar in 2023 chun cuidiú le tionchar earnáil an mhuiriompair ar an gcomhshaol a laghdú, lena n-áirítear trína rannpháirtíocht sna tionscnaimh iomadúla a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip; ag cur sonrú, go háirithe, i saineolas teicniúil a chuir sé ar fáil i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an bPacáiste Sábháilteachta Muirí; ag moladh thacaíocht na Gníomhaireachta don Choimisiún agus do na Ballstáit i nglacadh deiridh na dtograí a rinneadh mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', go háirithe maidir leis an gCóras Trádála Astaíochtaí (CTA) a leathnú chuig muiriompar agus an Rialachán FuelEU Maritime; á chur in iúl gur mór aici, sa chomhthéacs sin, an taighde leanúnach atá á dhéanamh aici ar acmhainneacht breoslaí malartacha éagsúla agus ar na breithnithe sábháilteachta gaolmhara a eascraíonn as glacadh agus imscaradh foinsí inbhuanaithe malartacha cumhachta do longa; á chur in iúl gur geal léi oiriúnú THETIS-MRV do cheanglais reachtaíocht CTA;

89. á chur in iúl gur geal léi comhar agus comhroinnt leanúnach agus mhéadaitheach acmhainní na gcúig ghníomhaireacht (Eurofound,

Cedefop. ETF, EU-OSHA, ELA) eatarthu agus le hinstitiúidí eile, lena n-áirítear gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa;

90. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbainfear úsáid níos fearr as saineolas na nGníomhaireachtaí (Eurofound, Cedefop. ETF, EU-OSHA, ELA) i réimsí beartais ábhartha maidir le tuarascálacha agus staidéir a fhorbairt, taighde agus suirbhéanna a dhéanamh, lenar féidir acmhainní buiséid an Aontais atá ann faoi láthair a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla i gcomparáid le réitigh mhalartacha; á chur in iúl gur mór aici iarrachtaí na gcúig ghníomhaireacht ar a gcumarsáid dhigiteach agus a gcumarsáid ar líne a fhorbairt tuilleadh chun a n-infheictheacht a mhéadú agus feasacht a mhúscailt maidir lena gcuid oibre ardtionchair; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur ann d'acmhainneacht nach mbaintear leas maidir le faisnéis shonrach ábhartha agus na táirgí den chaighdeán céanna a sholáthar agus a sholáthraíonn comhairleoirí seachtracha, nuair a cheadaíonn sainorduithe na ngníomhaireachtaí é;

91. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na ngníomhaireachtaí (Eurofound, Cedefop. ETF, EU-OSHA, ELA) ar bheartais maidir le héagsúlacht agus cuimsitheacht a chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le daoine faoi mhíchumas; ag moladh do na ngníomhaireachtaí feabhas a chur ar bhailiú sonraí inchomparáide maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú; ag aithint go bhfuil dul chun cinn déanta laistigh de na Gníomhaireachtaí i leith cothromaíocht inscne laistigh dá bhfoireann: á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí ar chothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí freisin agus ar inscne a phríomhshruthú ina ngníomhaíochtaí uile;

92. ag tabhairt dá haire go raibh ráta cur chun feidhme buiséid leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana reatha os cionn 97 % ar an meán mar thoradh ar iarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2023, seachas CdT agus ELA, a raibh rátaí 89,55 % agus 93,72 % acu faoi seach; ag tabhairt dá haire gurb iad seo a leanas na gníomhaireachtaí a léiríonn an ráta forghníomhaithe is ísle de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí na bliana reatha, a liostaítear in ord ardaitheach mar aon lena gcéatadáin faoi seach: GSE ar 47,61 %, Frontex ar 55,37 %, EU-OSHA ar 68,83 %, ACER ar 70,69 % agus ECDC ar 71,79 %;

93. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar bhuiséad EUAA in 2023 ó EUR 168 milliún go EUR 170 milliún (+ 0,77 %) agus ar a fhoireann ó 519 go 529 (+ 2 %); á athdhearbhú go bhfuil ról tábhachtach ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann maidir le tacú leis na Ballstáit agus an Comhchóras Eorpach Tearmainn á chur chun feidhme acu agus faireachán a dhéanamh acu ar chur chun feidhme ceart an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn; á mheabhrú gurb amhlaidh, i dtuarascáil uaidh 2022 ar urscaoileadh i leith

Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, a leag an t-údarás um urscaoileadh béim ar ábhair imní maidir le bainistiú inmheánach agus nósanna imeachta inmheánacha na Gníomhaireachta, á thabhairt dá haire dó gur thionscain an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúdú, atá tugtha i gcrích anois, a líomhnaítear go raibh finíochas i gceist leis agus saincheisteanna eile a raibh difear á dhéanamh acu dá bhainistiú airgeadais; á chur in iúl gur oth léi gur sheachain stiúrthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta freagraí a thabhairt le linn na héisteachta ullmhúcháin um urscaoileadh i gCoiste CONT; á chur in iúl gur cúis mhór imní di go ndiúltaíonn Bord na Gníomhaireachta ábhar agus moladh na tuarascála sin OLAF a nochtadh don údarás um urscaoileadh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht torthaí na tuarascála a chur ar fáil láithreach;

94. á mheas go dtagtar, i dTuarascáil Chríochnaitheach OLAF (OC-2022-0717) ar EUAA, ar chonclúidí imníocha maidir leis na fíorais sheanbhunaithe, lena gcuirtear cobhsaíocht, rialachas agus clú na Gníomhaireachta i mbaol, a fhágann gur cinneadh urscaoileadh don Ghníomhaireacht a chur siar i ndáil leis an mbliain airgeadais 2023; á mheabhrú, thairis sin, gur bhunaigh agus gur chainníochtaigh OLAF tionchar airgeadais nach féidir a aisghabháil, rud a chomhthacaíonn leis an tionchar diúltach ar bhainistiú fónta airgeadais acmhainní na gníomhaireachta; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfadh an bord bainistíochta obair leantach chuimsitheach ina mionsonrófaí na bearta uile arna ndéanamh chun na laigí arna mbrath a cheartú;

95. ag tathant ar an nGníomhaireacht gach saincheist oscailte a shoiléiriú go hiomlán, moltaí OLAF a chur chun feidhme ar bhealach inchreidte agus trédhearcach, agus sásraí láidre rialaithe inmheánaigh, formhaoirseachta eiticiúla agus cuntasachta a bhunú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon chéimeanna feabhais a ghlactar;

Soláthar

96. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb iad na laigí i nósanna imeachta soláthair poiblí fós an phríomhfhoinse do na híocaíochtaí neamhrialta; á thabhairt chun suntais gur thug an Chúirt 38 mbarúil maidir le laigí sa soláthar poiblí in 2023 (i gcomparáid le 41 in 2022 agus 28 in 2021); [1] ag tathant ar ghníomhaireachtaí bearta a thabhairt isteach chun a áirithiú go gcloífear go docht le rialacháin soláthair agus le prionsabail na trédhearcachta, na hiomaíochta agus na cost-éifeachtúlachta; á mheabhrú go bhfuil gá le cláir oiliúna rialta don fhoireann ar

---

[1] Tuarascáil CIE, lch. 37. Is cuid sin den rún sin iad na barúlacha sin amháin a thagraíonn do na gníomhaireachtaí.

bhainistiú airgeadais, rialacha soláthair agus cosc calaoise; á iarraidh go ndéanfaí bearta cuntasachta níos déine lena n-áiritheofar go ndéanfar gníomhaíochtaí ceartaitheacha spriocdhírithe i leith easnaimh leanúnacha agus go mbeidh iarmhairtí ann do neamhchomhlíonadh leanúnach;

97. ag tabhairt dá haire, de réir na Cúirte, go dtagraíonn 13 [1] de na barúlacha maidir le laigí as a n-eascraíonn íocaíochtaí neamhrialta in 2023 do neamhrialtachtaí a braitheadh agus a luadh in iniúchtaí roimhe seo; ag tabhairt dá haire, i gcás na 25 bharúil eile, nach raibh íocaíochtaí neamhrialta in 2023 mar thoradh ar naoi n-íocaíocht a raibh tionchar orthu agus ar na 16 cinn eile; ag tabhairt dá haire go mbaineann barúlacha na bliana nach ndearna difear d'íocaíochtaí leis na gníomhaireachtaí ACER, ÚBE, eu-LISA, ESMA, EMSA, ENISA, ERA, EIGE, ECDC, EEA, EUDA, EUAA, agus CEPOL; ag cur sonrú sna freagraí ó na Gníomhaireachtaí agus á iarraidh orthu bearta a dhéanamh chun na laigí a braitheadh a cheartú agus tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu;

98. ag tarraingt aird ar naoi mbarúil na bliana a rinne an Chúirt a dhéanann difear d'íocaíochtaí; ag tabhairt dá haire, i gcás ENISA, eu-LISA, agus ELA, go bhfuil na neamhrialtachtaí a braitheadh, mar aon leis na neamhrialtachtaí sin a sainaithníodh in iniúchtaí roimhe seo a raibh íocaíochtaí mar thoradh orthu in 2023 (i gcás eu-LISA agus ELA amháin), mar bhonn do thuairim cháilithe ón gCúirt agus gur tugadh tuairisc orthu faoin gceannteideal 'Forbhreathnú ar thorthaí an iniúchta' den rún seo;

99. á thabhairt faoi deara go dtagraíonn barúlacha eile na bliana a dhéanann difear d'íocaíochtaí do CdT, EIGE, EFCA, ERA, agus EU-OSHA le barúil amháin in aghaidh na gníomhaireachta, cé is moite den ghníomhaireacht sin a bhfuil dhá bharúil aici; ag tabhairt dá haire go bhfuil an miondealú seo a leanas ar an gcúis atá leis an mbarúil chomh maith le freagra na ngníomhaireachtaí ar bharúil na Cúirte:

    — I gcás CdT, tagraíonn an bharúil don úsáid mhícheart a baineadh as nós imeachta na dámhachtana dírí in ionad nós imeachta iomaíoch a sheoladh bunaithe ar mheastachán ar chostais amach anseo, rud a d'fhág go raibh íocaíochtaí neamhrialta faoi na conarthaí sin dar luach EUR 25 800 san iomlán in 2023; ag cur sonrú i bhfreagra ó CdT go n-eagróidh sé

---

1 Barúlacha ó bhlianta roimhe seo a rinne difear d'íocaíochtaí in 2023: EASA EUR 1,6 milliún EIGE EUR 59 600; ELA EUR 1,32 milliún agus bonn le tuairim cháilithe; dhá bharúil ó ETF EUR 175 500 agus EUR 300 600; Eurojust EUR 59 300; EUAA EUR 123 800; trí bharúil ó eu-LISA EUR 7,7 milliún, EUR 1,8 milliún, EUR 0,4 milliún, agus an bonn le tuairim cháilithe; CEPOL EUR 85 000; dhá bharúil ó CdT EUR 17 300 agus EUR 257 200.

nósanna imeachta iomaíocha simplithe le haghaidh seirbhísí cothabhála ar mó iad ná EUR 1 000;

— I gcás ERA, baineann an bhreathnóireacht leis an gconradh sonrach a shíniú gan athoscailt iomaíochta mar a cheanglaítear leis an gcreatchonradh as ar eascair EUR 254 400 ar an iomlán d'íocaíochtaí i ndáil leis an gconradh seo; ag cur sonrú i bhfreagra ERA go bhfuil tús curtha ag ERA amhail ó 2024 le hathoscailt na hiomaíochta a chur i bhfeidhm do na seirbhísí atá faoin raon feidhme;

— Tagraíonn breathnóireacht EIGE do chur i bhfeidhm mícheart seiceálacha *ex ante*, a sháraíonn uasteorainn an chreatchonartha, agus do chur i bhfeidhm mícheart rátaí laethúla a raibh íocaíochtaí neamhrialta de EUR 76 500 mar thoradh orthu; ag tabhairt dá haire go n-áiritheoidh EIGE go gcuirfear creatchonarthaí idirinstitiúideacha chun feidhme go cuí agus aird á tabhairt ar chonarthaí a bhaineann le hacmhainní daonna;

— D'úsáid EFCA creatchonradh idirinstitiúideach chun socruithe taistil a sholáthar thar a raon feidhme chun seirbhísí eagraithe imeachtaí a fháil agus bhí na híocaíochtaí gaolmhara de EUR 257 300 in 2023 neamhrialta; ag tabhairt dá haire, de réir EFCA, gur tháinig an ghníomhaireacht ar chásanna gan choinne as ar eascair moilleanna nós imeachta agus go bhforbróidh sí, mar ghníomhaíocht cheartaitheach, plean teagmhasach chun tionchar teagmhas gan choinne a mhaolú;

— Tá dhá bharúil ag EU-OSHA:

1. Neamhrialtachtaí maidir le trí nós imeachta idirbheartaithe a dhámhachtain le hoibreoir eacnamaíoch aonair, gan fógra conartha a fhoilsiú nár chomhlíon, de réir na Cúirte, na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 11.1(c) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais agus a raibh EUR 67 100 in íocaíochtaí neamhrialta mar thoradh orthu in 2023; ag cur sonrú i bhfreagra EU-OSHA go raibh sé i staid fíorphráinne agus nach raibh aon roghanna inmharthana eile aige chun leanúnachas gnó a áirithiú;

2. Ba é an toradh a bhí ar dhá chonradh arna ndámhachtain go díreach íocaíochtaí neamhrialta de EUR 29 700; ag tabhairt dá haire gur cheart na conarthaí sin a chomhcheangal in aon nós imeachta iomaíoch amháin ós rud é gur le haghaidh seirbhísí atá beagnach comhionann iad, rud a sháraíonn Airteagal 160 den Rialachán Airgeadais, lena gcuirtear toirmeasc ar chonarthaí a dheighilt; ag tabhairt dá haire go gcuirfidh EU-OSHA

feabhas ar dhoiciméadú a chuid cuardach margaidh agus go bhféachfaidh sé ar uirlisí malartacha soláthair;

100. ag teacht leis an moladh ón gCúirt nár cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann, agus creatchonarthaí á gcur chun feidhme acu, ach conarthaí sonracha a úsáid chun earraí nó seirbhísí a chumhdaítear leis an gcreatchonradh gaolmhar a fháil; ag athdhearbhú, thairis sin, an mholta ón gCúirt gur cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann a áirithiú freisin go gcomhlíonfaidh siad na rialacha a thugtar sa Rialachán Airgeadais maidir le conarthaí atá ann cheana a mhodhnú, go sainmhíneofar i gconarthaí sonracha na cainníochtaí praghsanna agus na hamanna seachadta agus go mbeidh cur chun feidhme an chonartha faoi réir seiceálacha leordhóthanacha a bhaineann leis na príomhghnéithe sin;

101. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé, maidir leis na nósanna imeachta soláthair uile, go ndéanfar earraí agus seirbhísí ardcháilíochta, iomaíocht chothrom idir tairgeoirí a áirithiú agus earraí agus seirbhísí a sholáthar ar an bpraghas is fearr, lena dtugtar tús áite do chuideachtaí Eorpacha ar chuideachtaí nach den Eoraip iad agus agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú;

102. á áitiú gur gá an comhar soláthair idir EUAN agus an Coimisiún Eorpach a neartú;

103. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé digitiú a fheabhsú laistigh de na gníomhaireachtaí, i leith oibríochtaí inmheánacha agus an bhainistithe inmheánaigh araon, agus freisin chun dlús a chur le digitiú nóis imeachta; á thabhairt chun suntais gur gá leanúint de bheith réamhghníomhach; ag tacú, ina leith sin, le hinfheistíochtaí breise a dhéanamh in uirlisí digiteacha agus i nuálaíocht chun feabhas a chur ar chúraimí nóis imeachta agus chun bearna dhigiteach idir gníomhaireachtaí a chosc freisin;

Beartas foirne, comhionannas inscne, cuimsiú, coinbhleacht leasa agus cosc calaoise

104. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh na 33 ghníomhaireacht dhíláraithe in 2023 go raibh 10 580 ball foirne san iomlán fostaithe acu (i gcomparáid le 10 146 in 2022), ina bhfuil oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna), arb ionann é agus méadú 4,27 % i gcomparáid le 2022;

105. ag tabhairt dá haire gur cláraíodh cásanna traochta (25 chás san iomlán) i 6 ghníomhaireacht, eadhon EASA (cúig chás), EEA (ceithre chás), EFCA (cás amháin), EFSA (dhá chás), EMA (deich gcás) agus Europol (trí chás); ag tabhairt dá haire, áfach, nach mbailíonn gach gníomhaireacht, lena n-áirítear ECDC, ECHA, EMSA, ENISA, ERA,

FRA, Frontex, sonraí a bhaineann le cásanna traochta mar gheall ar chosaint sonraí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach mbailítear sonraí leighis toisc go bhfuil siad sin tábhachtach chun dea-bhail mheabhrach fhoireann na ngníomhaireachtaí a leanúint; ag tathant ar na gníomhaireachtaí gníomhaíocht a dhéanamh láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar líon na gcásanna traochta i measc na foirne; ag tabhairt dá haire gur ghlac cuid dá bhfostaithe ragobair i 19 ngníomhaireacht in 2022 (13 in 2021); ag tabhairt dá haire go háirithe gur ghlac líon ard fostaithe ragobair in EFSA (81 % den fhoireann) agus in Eurofound (97 % den fhoireann); á mheabhrú, ina leith sin, go bhfuil sé tábhachtach beartas fadtéarmach acmhainní daonna a fhorbairt, lena n-áirítear struchtúir tacaíochta meabhairshláinte, rud lena n-áiritheofar cur chuige cuimsitheach i leith na cothromaíochta oibre is saoil, lena n-áirítear forálacha do chianobair agus forbairt gairme; ag cur béim, thairis sin, ar a thábhachtaí atá sé meabhairshláinte agus dea-bhail na foirne a choimirciú;

106. ag tabhairt dá haire gur chomhaontaigh Stiúrthóir EIT, ag labhairt dó thar ceann Líonra Gníomhaireachtaí AE, an 4 Nollaig 2024, le linn an Choiste um Rialú Buiséadach, taighde a dhéanamh ar na cineálacha conarthaí do phearsanra glantacháin atá ag obair sna gníomhaireachtaí díláraithe; á iarraidh ar Líonra Gníomhaireachtaí AE an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi chineálacha conarthaí an phearsanra glantacháin atá ag obair ag na gníomhaireachtaí díláraithe, lena n-áirítear cion na gconarthaí fadtéarmacha agus gearrthéarmacha;

107. ag tacú le hiarrachtaí leanúnacha Frontex ar a Oifigeach um Chearta Bunúsacha (FRO) a neartú, agus á thabhairt dá haire gur fostaíodh 46 Mhonatóir ar Chearta Bunúsacha (FRM) in 2023; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go n-earcófar na FRManna uile i ngrád AD, chun a n-acmhainneacht agus a neamhspleáchas a fheabhsú tuilleadh; á aithint go bhfuil bearta suntasacha déanta ag Frontex chun freagairt do thuairimí an FRO, go háirithe maidir le saincheisteanna amhail príomhshruthú inscne agus gáinneáil ar dhaoine;

108. ag tabhairt dá haire go raibh ráta láimhdeachais foirne níos mó ná 5 % in 2023 in 18 as 33 ghníomhaireacht (eadhon Cedefop, CEPOL, ÚBE, EFCA, EIGE, ÚEÁPC, EIT, ELA, EUDA, ETF, EUAA, eu-LISA, Eurofound, Eurojust, Europol, EUSPA), agus gur sháraigh trí cinn acu an ráta 10 % (eadhon BEREC, CdT, Eurojust); ag moladh na ngníomhaireachtaí a bhfuil bearta spriocdhírithe déanta acu chun rátaí arda láimhdeachais foirne a chosc; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé do na gníomhaireachtaí uile bearta a chur chun feidhme d’fhonn bainistiú agus coinneáil tallainne a fheabhsú; ag brath ar EUAN a bheith ina fhóram chuid ballghníomhaireachtaí maidir le dea-chleachtais a mhalartú agus, i gcás inar féidir, dul i gcomhar le chéile i ndáil leis an méid sin; á iarraidh ar an gCoimisiún

tacú go gníomhach le gníomhaireachtaí chun an saineolas is gá a earcú chun a sainorduithe a chomhlíonadh, agus comhar níos dlúithe le hollscoileanna agus le hinstitiúidí ábhartha eile á spreagadh;

109. á thabhairt chun suntais gur dúshlán fós í an chothromaíocht gheografach do roinnt gníomhaireachtaí, ar náisiúnaigh den Bhallstát ina bhfuil na gníomhaireachtaí lonnaithe iad céatadáin shuntasacha dá bhfoireann fhoriomlán;

110. ag aithint go bhfuil baint ag tallann a mhealladh agus fórsa oibre atá éagsúil ó thaobh na tíreolaíochta de a áirithiú le sainiúlachtaí aonair na ngníomhaireachtaí (e.g. suíomh, bonneagar, scolaíocht, réimse beartais), chomh maith le tosca teorannaithe seachtracha (e.g. iomaíocht leis an earnáil phríobháideach, éiginnteacht fostaíochta mar gheall ar chonarthaí gearrthéarmacha, comhéifeachtaí ceartúcháin ísle); á thabhairt dá haire le buíochas ó thuarascáil leantach EUAN ar an urscaoileadh do 2021, na gníomhaíochtaí a rinne EUAN chun easpa tarraingteachta fhoireann na ngníomhaireachtaí a leigheas agus ionadaíochas fhoireann na ngníomhaireachtaí a fheabhsú ó thaobh aoise, inscne agus tionscnamh geografach de;

111. á mheabhrú go bhfuil dúshláin leanúnacha roimh na Gníomhaireachtaí atá lonnaithe i dtíortha ina bhfuil comhéifeacht réasúnta íseal cheartúcháin maidir le foireann oilte agus éagsúil ó thaobh geografaíochta de a mhealladh; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh, in éineacht leis an mBallstát faoi seach, ar an ábhar sin agus breithniú a dhéanamh i dtaobh dreasachtaí eacnamaíocha a úsáid chun cabhrú leis an bhfadhb a mhaolú; á mheabhrú, thairis sin, go gcuireann an chomhéifeacht cheartúcháin prionsabal ginearálta na córa comhionainne i bhfeidhm;

112. á thabhairt chun suntais go mbaineann roinnt Gníomhaireachtaí úsáid fhorleathan as sainchomhairleoirí seachtracha, go príomha i réimse TFC ach freisin i réimsí a bpríomhghnó, ar codanna suntasacha dá mbuiséad oibríochtúil iad (e.g. ACER, ETF, ELA, etc.); á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile tosaíocht a thabhairt do bhaill foirne bhuana seachas do chomhairleoirí seachtracha agus foireann chonarthach, chun dálaí oibre ar ardchaighdeán a ráthú, agus chun nach gcaillfear eolas agus taithí; á iarraidh, thairis sin, ar na gníomhaireachtaí éiginnteacht post mar gheall ar chonarthaí gearrthéarmacha a chosc agus tús áite a thabhairt don fhostaíocht fhadtéarmach; á iarraidh, ina leith sin, go mbeadh solúbthacht ann do ghníomhaireachtaí poist saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNE) a thiontú ina bpoist do ghníomhairí sealadacha, rud lena n-áiritheofar coinneáil saineolais, feidhmiúlacht oibríochtúil agus leanúnachas gnó; á áitiú, thairis sin, nach ndéanfar cúraimí a sheachtrú ar chomhairleachtaí nuair a bhíonn fios gnó ar fáil go hinmheánach;

113. ag aithint go bhfuil dul chun cinn déanta laistigh de na

gníomhaireachtaí i leith na cothromaíochta inscne i measc a bhfoirne: á iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí ar chothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus ar chomhionannas inscne a phríomhshruthú go córasach i mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí uile na ngníomhaireachtaí;

114. á iarraidh ar Ghníomhaireachtaí spriocanna agus amchláir shoiléire a leagan síos chun cothromaíocht inscne agus éagsúlacht gheografach a bhaint amach sa bhainistíocht shinsearach agus i gcomhlachtaí cinnteoireachta, agus tuairisciú córasach a dhéanamh ar dhul chun cinn;

115. ag tabhairt dá haire gur tháinig feabhas ar an dáileadh inscne in 2023 i gcomparáid le 2022 ar leibhéal na hardbhainistíochta agus na meánbhainistíochta [1] agus i measc chomhaltaí an bhoird bainistíochta [2]; ag tabhairt dá haire nár tháinig athrú ar an gcothromaíocht inscne a tuairiscíodh i leith foirne ar an iomlán [3]; ag moladh do ACER, Oifig BEREC, Cedefop, ECDC, ECHA, EFSA, ÚEÁPC, EMCDDA, EMSA, ENISA, ERA, eu-LISA, ELA, Europol, EUAA, EUSPA agus Frontex tacú le mná agus iad ag cur isteach ar phoist bhainistíochta; ag iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cothromaíocht inscne a urramú agus comhaltaí den bhainistíocht nó de na boird bhainistíochta á n-ainmniú agus á gceapadh; ag meabhrú uaillmhian na ngníomhaireachtaí ailíniú leis an gCoimisiún chun cothromaíocht inscne de 50 % a bhaint amach ar gach leibhéal dá bhainistíocht faoi dheireadh 2025; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí leanúint de na gnéithe sin a chur i gcuntas maidir le hearcú uile foirne amach anseo agus oibriú chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcothromaíocht inscne ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí;

116. ag tathant ar ghníomhaireachtaí díláraithe beartais comhionannais inscne a neartú ar na leibhéil uile, rud lena n-áiritheofar comhdheiseanna san earcaíocht, dul chun cinn gairme agus dálaí oibre don fhoireann uile; ag moladh do na gníomhaireachtaí uile straitéisí láidre éagsúlachta agus cuimsithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme lena gcuirtear cothroime agus cothromaíocht chun cinn, rud lena n-áiritheofar comhdheiseanna agus ionadaíocht ar mhná agus ar mhionlaigh i bpoist cheannaireachta; á iarraidh ar ghníomhaireachtaí straitéisí cuimsitheacha a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu; á mheabhrú go

---

1 Agus 64 % ina bhfir agus 36 % ina mná (67 % agus 33 %, faoi seach, in 2022); agus 54 % ina bhfir agus 46 % ina mná (54 % agus 46 %, faoi seach in 2022).

2 agus 58 % ina bhfir agus 42 % ina mná (60 % agus 40 %, faoi seach in 2022).

3 Agus 54 % ina bhfir agus 46 % ina mná (54 % agus 46 %, faoi seach, in 2022).

ndéanfaidh an Pharlaimint measúnú ar chomhlíonadh na bprionsabal sin sa phróiseas urscaoilte bliantúil;

117. ag tabhairt dá haire go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile chun feabhas a chur ar fholláine na foirne ag an obair agus ar an gcothromaíocht oibre is saoil; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir líon agus tionchar na mbeart sin ó ghníomhaireacht amháin go gníomhaireacht eile agus gur cosúil nach ann d'aon chreat coiteann tagartha ar fud na ngníomhaireachtaí; á iarraidh ar EUAN iarrachtaí a chomhordú chun creat comhchoiteann tagartha a fhorbairt i ndáil leis sin; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag tromlach mór na ngníomhaireachtaí chun daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú; ag moladh do na gníomhaireachtaí dea-chleachtais maidir le dea-bhail na foirne, cuimsiú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas a choinneáil agus leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an gcothromaíocht oibre is saoil, chomh maith le foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt gairme; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí ar chothromaíocht inscne agus gheografach a bhaint amach i measc fhoireann na n-institiúidí agus i bpoist ardbhainistíochta; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh ról úsáideach a bheith ag malartuithe dea-chleachtais i réimse an bhainistithe foirne; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí oiliúint ábhartha agus rialta a chur ar a bhfoireann;

118. ag moladh do na gníomhaireachtaí uile beartas a chur chun feidhme chun dínit phearsanta a choimirciú agus chun ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chosc agus páirt a ghlacadh i dtascfhórsa idirghníomhaireachta comhairleoirí rúnda; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfaí oiliúint frithchiaptha choisctheach éigeantach a thabhairt isteach a chaithfead fostaithe ghníomhaireachtaí AE a dhéanamh; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb amhlaidh, de réir na bhfreagraí ar an gceistneoir caighdeánach, a chuir ENISA in iúl don údarás um urscaoileadh gur tionscnaíodh dhá fhiosrúchán riaracháin in 2023 a bhain le ciapadh líomhnaithe; chuir sé in iúl, thairis sin, gur cuireadh clabhsúr ar cheann acu in 2024 tar éis tuarascáil chríochnaitheach a fháil ó OLAF; á chur in iúl go bhfuil sí ag dréim leis go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht obair leantach chríochnúil ar na cásanna leanúnacha, agus bearta láidre a thabhairt isteach chun cosc a chur ar aon chásanna comhchosúla a bheith ann amach anseo; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí tuairisciú rialta a dhéanamh, tríd an tuarascáil leantach, ar an dul chun cinn sa réimse sin;

119. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh coinbhleacht leasa a mheastar a bheith ann clú na gníomhaireachta a chur i mbaol agus gur cheart aghaidh a thabhairt uirthi fiú mura mbíonn bunús ar bith léi;

120. ag tathant ar na Gníomhaireachtaí uile cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a neartú tuilleadh, lena n-áirítear dearbhuithe

córasacha leasanna ón mbainistíocht shinsearach, ó shaineolaithe seachtracha, agus ó chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta, arna bhfoilsiú ar bhealach réamhghníomhach agus inrochtana;

121. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé neamhspleáchas ghníomhaireachtaí AE a chosaint ar thionchar míchuí an tionscail chun muinín an phobail ina gcinnteoireacht a chaomhnu; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na heasnaimh rialála agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de ghníomhaireachtaí áirithe; ag cur béim ar shaincheisteanna a bhaineann le dlúthnaisc leis an tionscal agus tuairiscí ar thionchar míchuí, go háirithe trí dhoirse imrothlacha idir institiúidí poiblí agus cuideachtaí príobháideacha; á chur i bhfáth go bhfuil gá le breis trédhearcachta, sásraí maoirseachta níos láidre agus tiomantas daingean tús áite a thabhairt don tsláinte phoiblí agus don tsábháilteacht phoiblí seachas do leasanna airgeadais;

122. ag tabhairt dá haire nár thuairiscigh an Chúirt aon chásanna móra coinbhleachta leasa le haghaidh 2023, seachas Frontex agus EMCDDA;

123. á mheas go bhfuil nósanna imeachta láidre cuimsitheacha i bhfeidhm ag formhór na ngníomhaireachtaí faoi láthair chun feasacht a mhúscailt agus coinbhleachtaí leasa a chosc, ar nósanna imeachta iad ina dtabharfar an dearbhú is gá maidir le neamhspleáchas a mball foirne do gheallsealbhóirí agus don phobal;

124. ag cur suntas, agus é ina dhíol sásaimh di, sa chomhar láidir leis na Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile, go háirithe tabhairt i gcrích socraithe oibre nua leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), oscailt 15 chás nua inar thacaigh Eurojust le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chomh maith leis an gcomhar maidir le 42 chás le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) ag cur i bhfáth gur sheol Eurojust agus Europol treoirthionscadal chun sonraí a mhalartú go córasach agus go struchtúrach chun naisc a bhrath, a ndéanfar athbhreithniú air sa chéad leath den bhliain 2024; á chur in iúl gur geal léi Plean Gníomhaíochta Eurojust-OLAF 2022-2023 chun coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chomhrac;

Rialú inmheánach

125. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, torthaí na Cúirte i réimse na gcóras bainistíochta agus rialaithe a dhéanann difear do 9 ngníomhaireacht, eadhon EMA, Europol, EUSPA, Eurofound, EIT, Eurojust ACER, ENISA agus EEA;

126. á thabhairt chun suntais, i gcás Europol agus EIT, go raibh íocaíochtaí neamhrialta mar thoradh ar dhá bharúil as trí bharúil in 2023;

127. á mheabhrú gur chinn an Chúirt in 2022 go ndearna Europol CBL a aisíoc go neamhrialta trí dheontais d'údaráis phoiblí trína mheas go raibh an costas incháilithe agus gurb ionann aisíocaíocht don choincheap sin in 2023 agus EUR 279 900; á chur in iúl gur geal léi cinneadh Europol gan CBL a mheas a thuilleadh mar chostas incháilithe do dheontais oibríochtúla nua;

128. ag tabhairt dá haire, i gcás EIT, go bhfuil ceann de na barúlacha mar bhonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais, ar tuairim í a bhfuil tuairisc uirthi faoin gceannteideal 'Forbhreathnú ar thorthaí an iniúchta' den rún seo;

129. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go dtagraíonn an dara barúil ón gCúirt maidir le EIT d'aistriú na gníomhaireachta chuig struchtúr ilbhliantúil comhaontaithe deontais, ach nár tugadh nósanna imeachta agus treoirlínte le haghaidh seiceálacha *ex post* ar íocaíochtaí deontais cothrom le dáta chun na himpleachtaí a chur san áireamh; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil a shásra rialaithe *ex post* á nuashonrú cheana ag EIT chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí sin;

130. á chur in iúl gurb eol di go ndearna EMA ascnamh sonraí le linn na chéad ráithe de 2023 ach nár urramaigh sé na sprioc-amanna le haghaidh 48 gcigireacht tréidliachta, rud a d'fhág go raibh moilleanna suntasacha ar shonraisc nár tuairiscíodh i gclár na n-eisceachtaí agus ioncam a cuireadh in áirithe go mícheart; ag tabhairt dá haire go sáraíonn sé sin rialachán airgeadais EMA agus go nochtann sé laige ina chórais bhainistíochta agus rialaithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé mar aidhm ag EMA feabhas a chur ar an bpróiseas i gcomhthéacs chur chun feidhme an Rialacháin Nua maidir le Táillí;

131. ag tabhairt dá haire go ndearna Eurofound íocaíocht EUR 38 600, a bhí nasctha le conradh chun cáilíocht sonraí suirbhé a mheasúnú, gan roinnt príomhdhoiciméad tacaíochta a bhaineann leis na táirgí insoláthartha conarthacha a bhailiú;

132. ag tabhairt dá haire gur thug Eurojust faoi deara in 2023, gur tháinig méadú ar idirbhearta neamhchaighdeánacha arna n-aicmiú mar eisceachtaí nó mar theagmhais neamhchomhlíontachta, agus gur tháinig méadú ar an líon ó 43 go 71 agus gur tháinig méadú ar an méid iomlán lena mbaineann ó EUR 294 000 go EUR 566 400 i gcomparáid le 2022; ag aithint fhreagairt Eurojust ar an mbreathnóireacht lenar sannadh formhór na dteagmhas neamhchomhlíonta iomlán in 2023 do theagmhas aonair le haghaidh deontas ón bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú (JIT); ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, de réir na Gníomhaireachta, gurb é is cúis leis an méadú go príomha ná easpa acmhainní daonna agus neamhéifeachtúlachtaí próisis inmheánaigh agus á chur in iúl gur

geal léi gur thug Eurojust aghaidh ar an tsaincheist trí athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta reatha chun teagmhais neamhchomhlíonta a chlárú agus a thuairisciú in 2024;

133. ag tabhairt dá haire gur dheimhnigh stiúrthóir feidhmiúcháin EUSPA tús luath le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sular síníodh comhaontú deontais, rud a d'fhág go ndearnadh gníomhaíochtaí gan gealltanas buiséadach; á thabhairt chun suntais nár tuairiscíodh é sin i gclár na n-eisceachtaí ná sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, a sháraíonn an Rialachán Airgeadais; ag tabhairt dá haire go n-áitíonn EUSPA nach raibh aon ghá tús luath na ngníomhaíochtaí a chlárú gan gealltanas buiséadach i gClár na nEisceachtaí ach go n-aithníonn siad nár tuairiscíodh an cás sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí de réir mar is gá;

134. ag tabhairt dá haire go raibh ceapadh ACER oifigeach cuntasaíochta nua, a bhí ina cheannaire foirne freisin ar an roinn buiséid, airgeadais agus soláthair, ina shárú ar rialachán airgeadais ACER lena gceanglaítear deighilt dualgas d'oifigigh údarúcháin agus d'oifigigh chuntasaíochta; á chur in iúl gur eol di go ndearnadh, amhail ón 1 Bealtaine 2024, atheagrú, agus gur scaoileadh ceannaire foirne na foirne Buiséid, Airgeadais agus Soláthair óna dualgais ceannaireachta foirne.

135. ag tabhairt dá haire gur cheadaigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin ENISA i mí Mheán Fómhair 2023 do 15 bhall foirne eatramhacha róil a ghlacadh sa scagchuaird airgeadais gan formheas a fháil roimh ré, rud a sháraíonn rialacháin; á chur in iúl gur eol di, de réir an fhreagra ón ngníomhaireacht, go bhfuil ENISA ag úsáid gníomhairí eatramhacha agus SNInna mar gheall ar riachtanais ghnó agus ganntanas acmhainní, agus go bhféachfaidh sí le maolú ar rialacha airgeadais má leanann an ganntanas acmhainní ar aghaidh;

136. ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh ceapadh Oifigeach Cuntasaíochta ENISA mar Chomhordaitheoir Rialaithe Inmheánaigh freisin, contrártha do rialacháin lena sonraítear deighilt dualgas; ag tabhairt dá haire gur aithin ENISA an bharúil, ach measann sé nach gá go mbeadh róil an Chomhordaitheora Rialaithe Inmheánaigh agus an Oifigigh Cuntasaíochta neamh-chomhoiriúnach, ó nár tharmlig an tOifigeach Údarúcháin aon chumhachtaí chuig an gComhordaitheoir Rialaithe Inmheánaigh; á chur in iúl gur geal léi go ndéanfaidh ENISA róil agus freagrachtaí an Chomhordaitheora Rialaithe Inmheánaigh a shoiléiriú ina phróisis inmheánacha; á iarraidh go gcuirfí Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin dul chun cinn atá i gceist roimh an 30 Meitheamh 2025;

137. ag tabhairt faoi deara go ndearna EEA íocaíochtaí deontas cnapshuime a fhormheas gan a bheith in ann a thaispeáint conas a ríomhadh an méid, rud a d'fhág go raibh riosca ann nach raibh sé i gcomhréir leis na seirbhísí a soláthraíodh; ag tabhairt dá haire gur

mheas EEA go bhfuil an cinneadh i scríbhinn maidir leis an íocaíocht chnapshuime i gcomhréir go hiomlán le clásail ábhartha an Rialacháin Airgeadais; á chur i bhfáth go n-áiritheoidh an Ghníomhaireacht go ndéanfar cnapshuimeanna a chinneadh agus a dhoiciméadú i gceart i gcásanna ina ndearbhaíonn cuideachta aonbhaill/comhpháirtí féinfhostaithe costais sna ETCanna (Lárionaid Théamacha Eorpacha) [1];

138. ag tabhairt dá haire go ndearna EEA seiceálacha airgeadais *ex ante* a sheachfhoinsiú chuig conraitheoir seachtrach agus gur aimsigh an Chúirt easnaimh sna socruithe rialaithe; ag tabhairt dá haire, mar fhreagairt air sin, gur aithin EEA barúil na Cúirte agus go ndéanfaidh sé nuashonrú ar na nósanna imeachta le haghaidh seiceálacha *ex ante* chun a áirithiú go dtabharfaí aghaidh ar an riosca sin;

139. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí barúlacha na Cúirte a chur chun feidhme go pras agus go córasach agus bearta ceartaitheacha nithiúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na laigí arna sainaithint sa chreat rialaithe inmheánaigh; á áitiú go ndéanfaí bearta cuntasachta níos déine lena n-áiritheofar go ndéanfar gníomhaíochtaí ceartaitheacha spriocdhírithe i leith easnaimh leanúnacha agus go mbeidh iarmhairtí ann do neamhchomhlíonadh leanúnach;

Cibearshlándáil, eitic agus trédhearcacht

140. ag tarraingt aird ar an ngá atá leis na bearta slándála uile is gá a dhéanamh chun sláine ar líne na faisnéise próiseáilte a choimirciú, á áitiú go méadófar athléimneacht na ngníomhaireachtaí i leith cibirionsaithe nó iarrachtaí insíothlaithe a thagann go háirithe ón Rúis nó ó aon tríú tír eile; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh costais airgeadais laghdaithe agus torthaí feabhsaithe a bheith mar thoradh ar sholáthar comhpháirteach sa réimse sin idir gníomhaireachtaí;

141. á chur in iúl gur geal léi comhar FRA le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) maidir le coimirciú príobháideachais agus cosaint sonraí le linn tionscnaimh chibearshlándála a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus le eu-LISA maidir lena ráthú go gcloíonn dearadh agus úsáid córas TF le caighdeáin um chearta bunúsacha.

142. ag tabhairt dá haire go bhfuil sásraí éagsúla bunaithe ag gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí trédhearcachta agus brústocaireachta

---

[1] Is cuibhreannais eagraíochtaí i mballtíortha EEA Lárionaid Théamacha Eorpacha (ETCanna) a bhfuil saineolas acu i réimsí comhshaoil ar leith, ar conradh ag an EEA chun tacú le cláir oibre an EEA a chur i bhfeidhm: https://www.eionet.europa.eu/etcs.

ina réimsí beartais faoi seach; á chur i bhfios go láidir, áfach, de réir na Cúirte, nach n-éiríonn le gníomhaireachtaí i gcónaí na leibhéil shásúla trédhearcachta agus luacha ar airgead a bhaint amach i dtairiscintí a bhfuil rialacha agus nósanna imeachta casta soláthair acu [1]; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil saincheisteanna fós gan réiteach ann maidir le trédhearcacht, a dhéanann difear do chomhleanúnachas, d'éifeachtacht agus, thar aon ní eile, do chuntasacht;

143. á thabhairt chun suntais go bhfuil dul chun cinn dearfach déanta maidir le spriocanna um Chearta Bunúsacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear cur i gcrích leanúnach an Phlean Gníomhaíochta um Chearta Bunúsacha agus an mheastóireacht neamhspleách ar chomhlíonadh na Gníomhaireachta leis an gCreat um Chearta Bunúsacha, i gcomhréir le Rialachán EBCG; á chur in iúl gur geal léi an obair leantach réamhghníomhach a rinne Frontex maidir le gearáin a bhaineann le cearta bunúsacha, ar diúltaíodh don tromlach acu as bheith neamh-inghlactha; á chur in iúl gur geal léi tiomantas treisithe Frontex don trédhearcacht agus don chuntasacht;

144. ag cur béim ar an bhfíoras, ar mhaithe le soiléireacht agus trédhearcacht iomlán agus i gcomhréir le barúil na Cúirte, gur cheart do ghníomhaireachtaí a bhailíonn ioncam dílis an fhaisnéis chéanna sin a nochtadh ar bhealach sothuigthe ina gcuntais bhliantúla chríochnaitheacha, ina dtuarascálacha bliantúla comhdhlúite ar ghníomhaíochtaí agus ina ndoiciméid clársceidealaithe aonair, ós rud é go bhfuil cuspóirí éagsúla ag na tuarascálacha sin;

145. ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur dhiúltaigh Frontex in 2023 rochtain phoiblí a thabhairt ar thuarascáil óna Oifigeach um Chearta Bunúsacha maidir le hoibríocht Frontex san Albáin (cás 652/2023/VB), as ar eascair fiosrúchán Ombudsman; mheas an tOmbudsman gur cheart rochtain a bheith tugtha ag Frontex ar chodanna áirithe den tuarascáil agus is geal léi gur ghlac Frontex le togra an Ombudsman le haghaidh réitigh;

146. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil cur i bhfeidhm an Chláir Trédhearcachta maidir le teagmhálacha seachtracha éigeantach do na gníomhaireachtaí díláraithe; ag tabhairt dá haire, áfach, de réir Chomhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 [2] idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún

---

1 Sampla: An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) – CIE, lch. 97; An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) – CIE, lch. 122; An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) – CIE, lch. 287.

2 Comhaontú idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár éigeantach trédhearcachta: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj.

Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach, go bhfuil an deis ag na gníomhaireachtaí an Clár Trédhearcachta a úsáid ar bhonn deonach;

147. ag moladh do na ngníomhaireachtaí uile úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dheonach sin agus lorg eu-LISA agus Frontex a leanúint, arb iad an t-aon dá ghníomhaireacht iad a cheanglaíonn ar theagmhálacha seachtracha tríú páirtithe clárú sa Chlár Trédhearcachta;

148. á thabhairt chun suntais go ndéanann sínitheoirí an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh úsáid an Chláir Trédhearcachta a chur chun cinn agus a spreagadh; á mheabhrú gur iarradh go láidir go mbainfeadh na gníomhaireachtaí díláraithe uile lánúsáid as an gclár;

149. ag tabhairt dá haire gur dhírigh eu-LISA ar an gcibearshlándáil agus ar bhagairtí sa chibear-réimse a chomhrac, go háirithe na hullmhúcháin is gá a dhéanamh d'oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nua an Aontais maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil; á thabhairt chun suntais go n-oibríonn agus go gcoinníonn eu-LISA ardán faireacháin slándála, plean teagmhas cibearshlándála, leabhair bheartaíochta freagartha, agus socruithe le haghaidh dualgas fuireachais 24/7 chun a áirithiú go ndéanfar cibearbhagairtí a shainaithint go tráthúil agus go dtabharfar freagairt orthu go tráthúil; á chur in iúl gur geal léi ról eu-LISA maidir le tacú le cleachtaí cibearshlándála idirghníomhaireachta i gcomhar le Líonra Gníomhaireachtaí CGB (JHAAN) [1]; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh sé de chumas iomlán i ngníomhaireachtaí díláraithe iad féin a chosaint ar chibirionsaithe; ag moladh go n-oibreodh eu-LISA i ndlúthcomhar leis na gníomhaireachtaí eile chun freagairt chomhchoiteann níos athléimní a fhorbairt i gcoinne na cibearchoireachta; ag cur béim, ina leith sin, ar a thábhachtaí atá sé bearta cibearshlándála a neartú ar fud na ngníomhaireachtaí uile, i bhfianaise na rioscaí méadaitheacha a bhaineann le cibearbhagairtí agus sáruithe ar shonraí; á iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí breise i mbonneagar slán TF agus in oiliúint chibearshlándála do phearsanra na gníomhaireachta; ag tathant ar ghníomhaireachtaí tuarascáil measúnaithe riosca cibearshlándála bhliantúil a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus na Cúirte;

150. á iarraidh ar Frontex, gan a thuilleadh moille, cur chun feidhme iomlán na moltaí uile ó chomhlachtaí Eorpacha iniúchóireachta agus grinnscrúdaithe a áirithiú, go háirithe na moltaí sin ó Mheitheal um Ghrinnscrúdú Frontex Pharlaimint na hEorpa, ón Ombudsman Eorpach, ón gCúirt, agus ó Mheitheal Frontex um Chearta Bunúsacha agus Gnéithe Oibríochtúla Dlíthiúla d'Oibríochtaí (WG

---

[1] Líonra ghníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) – tá naoi ngníomhaireacht sa líonra: CEPOL, EASO, EIGE, EMCDDA, eu-LISA, Eurojust, Europol, FRA agus Frontex.

FRaLO);

151. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas sceithirí i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile a áirithiú go bhfuil bealaí tuairiscithe sonracha, sábháilte agus éifeachtacha i bhfeidhm acu i gcomhréir le ceanglais ábhartha Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] maidir le sceithireacht;

152. á mholadh go ndéanfaí measúnuithe riosca a bhaineann go sonrach le IS a áireamh go córasach in iniúchtaí inmheánacha ar ghníomhaireachtaí, rud lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar treoirlínte eiticiúla agus caighdeáin chibearshlándála an Aontais; á iarraidh go nndéanfaí maoirseacht shonrach ar rioscaí a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga laistigh de ghníomhaireachtaí AE a áireamh i sainordú leathnaithe ENISA;

Inbhuanaitheacht, tionchar ar an gcomhshaol agus cuimsiú sóisialta

153. ag tabhairt dá haire go bhfuil Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) curtha chun feidhme cheana féin ag 11 [2] ghníomhaireacht as 33 ghníomhaireacht an Aontais (33 %) ar an iomlán; ag cur sonrú go dearfach sna céimeanna réamhghníomhacha atá á ndéanamh ag roinnt gníomhaireachtaí agus iad ag iarraidh deimhniú EMAS a fháil go luath amach anseo [3]; á chur in iúl gur oth léi nár chuir roinnt de na gníomhaireachtaí [4] a bhfuil buiséad níos mó acu a bpleananna in iúl chun EMAS a chur chun feidhme sa ghearrthéarma; ag tabhairt dá haire go bhfuil measúnú á dhéanamh ag EASA faoi láthair ar ionstraimí le haghaidh feabhsuithe córasacha agus leanúnacha ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil, lena n-áirítear EMAS, agus go ndéanfaidh sé nuashonrú a sholáthar don údarás um urscaoileadh amach sa bhliain;

154. á mheabhrú gur léiríodh i dtuarascáil 2022 maidir le hurscaoileadh (cothrománach) nach bhfuil na pleananna inbhuanaitheachta corparáideacha i bhfeidhm fós ag 14 ghníomhaireacht; ag tabhairt dá haire nár soláthraíodh figiúirí nuashonraithe maidir leis an tsaincheist i dtuarascáil na Cúirte don bhliain airgeadais 2023; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé go mbeadh na pleananna inbhuanaitheachta corparáideacha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile; ag tathant ar ghníomhaireachtaí tuairisciú

---

1 Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1937/oj).

2 ÚBE, ECDC, ECHA, EEA, EFSA, EOIPA, EMSA, Europol, Eurofound, ETF agus ESMA.

3 BEREC, Cedefop, eu-LISA, EUSPA agus EMA.

4 EIT, Frontex, EUAA agus EASA.

don Choimisiún maidir le feidhmíocht fuinnimh a bhfoirgneamh;

155. ag moladh don Chúirt na figiúirí maidir le staid na bpleananna corparáideacha inbhuanaithe sna gníomhaireachtaí a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta;

156. ag tabhairt dá haire gur léirigh na gníomhaireachtaí tiomantas méadaitheach do spriocanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta sa bhliain airgeadais 2023; ag tabhairt dá haire go raibh ról lárnach ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an athrú aeráide agus ar fheidhmíocht chomhshaoil ar fud an Aontais; ag tabhairt dá haire go raibh gníomhaireachtaí amhail CINEA agus EEA ar thús cadhnaíochta maidir le cláir a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chur chun feidhme, ag rannchuidiú le tionscnaimh ar fud an Aontais arb é is aidhm dóibh lorg carbóin a laghdú agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn;

157. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh deacrachtaí ag roinnt gníomhaireachtaí, in ainneoin threocht ghinearálta an dul chun cinn, an inbhuanaitheacht a chomhtháthú ina straitéisí corparáideacha mar gheall ar neamhéifeachtúlachtaí nós imeachta agus leithdháileadh neamhleor acmhainní; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfuil gá le creat níos comhtháite agus níos inghníomhaithe chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú in oibríochtaí gníomhaireachta;

Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo arna cur in iúl ag an gCúirt

158. ag tabhairt dá haire gur ‘moltaí gan fráma ama’ ón gCúirt iad na ‘barúlacha’ i dtuarascálacha bliantúla sonracha na ngníomhaireachtaí; á thabhairt dá haire go ndéanann an Chúirt obair leantach ar bhonn bliantúil ar na barúlacha sin trí mheasúnú a dhéanamh ar a stádas mar stádas ‘oscailte’ nó ‘dúnta’;

159. ag tabhairt dá haire, as 116 bharúil san iomlán a thug an Chúirt a chomhfhreagraíonn do bhlianta roimhe sin de na gníomhaireachtaí atá mar chuid den rún seo, gur dúnadh 58 mbarúil san iomlán le linn 2023, agus 53 bharúil fós oscailte agus cúig bharúil dúnta go páirteach; ag tabhairt faoi deara go bhfuil líon na mbarúlacha leanúnacha éagsúil i measc na ngníomhaireachtaí, agus nach bhfuil aon bharúlacha oscailte ag cuid acu, mar is amhlaidh i gcás oifig BEREC, ÚBE, ECHA, EEA,EMSA, ENISA, EU-OSHA, EUSPA agus Eurofound, agus gur le eu-LISA, Frontex agus ELA a bhaineann an líon is airde barúlacha oscailte, le hocht mbarúil, seacht mbarúil agus cúig bharúil faoi seach; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí sin bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun na saincheisteanna oscailte sin a réiteach;

160. ag tabhairt dá haire go dtagraíonn sé bharúil as na 53 bharúil

oscailte d’ardleibhéal de mhéideanna a tugadh anonn (ACER, ELA, EFCA, eu-LISA, FRA, Frontex); á chur in iúl gur cúis bhuartha di gurb amhlaidh, i gcás Frontex, atá an bharúil sin gan athrú ó bhí 2018 ann;

161. ag tabhairt dá haire go bhfuil barúil oscailte ag ERA ó 2018 i leith maidir le táillí agus muirir a bhailiú le haghaidh cúraimí deimhniúcháin, rud ar cuireadh tús leis in 2019; ag tabhairt dá haire gur cheart, de réir an rialacháin, riachtanais shonracha na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a mheas agus meastar go gcuirfidh ERA rialuithe éifeachtacha chun feidhme chun a fhíorú an gcáilíonn iarratasóirí mar FBManna; á iarraidh ar an ngníomhaireacht tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le stádas reatha na saincheiste sin agus cúiseanna a thabhairt lena stádas oscailte leanúnach;

162. ag tabhairt dá haire go bhfuil barrachas de níos mó ná EUR 50 milliún carntha ag EASA ó ghníomhaíochtaí atá á maoiniú ag an tionscal in imeacht na mblianta, nach bhfuil aon fhoráil ina leith sin ina rialachán bunaidh. á iarraidh ar an gCoimisiún réiteach a mholadh ar an leibhéal reachtach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin;

163. ag tabhairt dá haire go raibh oibrithe eatramhacha a bhí i mbun cúraimí fadtéarmacha á n-úsáid ag ACER chun cúiteamh a dhéanamh as easpa ball foirne atá fostaithe go díreach ó 2019; á iarraidh ar an gCoimisiún poist foirne reachtúla bhreise a sholáthar;

164. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig na gníomhaireachtaí atá faoi réir an nós imeachta um urscaoileadh seo, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).